Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí

**Márta 2025**

**Clár na nÁbhar**


| | | |
|---|---|---|
| **Cuid 1** | Beartas maidir le Cosaint agus Leas Leanaí | 3 |
| **Cuid 2** | Nósanna Imeachta Tuairiscithe maidir le Cosaint agus Leas Leanaí | 11 |
| **Cuid 3** | Déileáil le hÚdair Imní faoi Mhí-úsáid Leanaí i gcás fostaí nó oibrí deonach | 23 |
| **Cuid 4** | Nós Imeachta i gcás Soláthraí/Conraitheoir a sholáthraíonn Seirbhís Iomchuí[1] agus atá fostaithe ag an údarás áitiúil | 25 |
| **Cuid 5** | Nós Imeachta i gcás Grúpa Maoinithe/Grúpa Pobail i gcomhthéacs Seirbhísí Údaráis Áitiúil | 27 |
| **Aguisín I** | Cineálacha Mí-úsáide | 29 |
| **Aguisín II** | Foirm Chaighdeánach chun Tuairisc a Thabhairt | 34 |
| **Aguisín III** | Sonraí Teagmhála agus Tuairiscithe Tusla | 35 |
| **Aguisín IV** | Liosta Daoine faoi Shainordú | 36 |
| **Aguisín V** | Seirbhísí Ábhartha (An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 | 38 |
| **Aguisín VI** | Sainmhínithe | 40 |
| **Aguisín VII** | Teimpléad: Dearbhú atá le síniú ag soláthraí/conraitheoir a sholáthraíonn 'Seirbhís Iomchuí' agus/nó ag Grúpa Maoinithe/Grúpa Pobail a sholáthraíonn 'Seirbhís Iomchuí' agus atá ag gníomhú thar ceann CCG nó a fhaigheann maoiniú deontais ón gComhairle | 43 |
| **Aguisín VIII** | Ráiteas Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Cosaint Leanaí | 46 |


## Leaganacha roimhe seo

| Leagan | Cruthaithe/Leasaithe ag | Dáta | Cur síos | Dáta ar ghlac an Fhoireann Feidhmiúcháin é |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **Kieran Keon, Oibrí Sóisialta Sinsearach & Seirbhísí Corparáideacha**<br><br>**Athbhreithnithe ag DOS, SEO, AO, Seirbhísí Corparáideacha** | **Samhain 2021 agus Iúil 2022 agus mí na Nollag 2022**<br><br>**Eanáir 2023** | Dréacht-Bheartas CCG maidir le Leas agus Cosaint Leanaí<br><br>Dréachtleagan de Bheartas agus Nósanna Imeachta CCG maidir le Cosaint agus Leas Leanaí | **20 Eanáir 2023** |

[1] Féach an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Aon obair nó aon ghníomhaíocht arb é atá inti gníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó gníomhaíochtaí coirp a sholáthar do leanaí.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **Kieran Keon, Oibrí Sóisialta Sinsearach & Seirbhísí Corparáideacha** | **Márta 2025** | Leasaíodh é tar éis Measúnú ar Chearta an Duine agus Comhionannas ar Dhualgas na hEarnála Poiblí, chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar shaincheisteanna a aithníodh | **8 Aibreáin 2025** |

# CUID 1: BEARTAS MAIDIR LE COSAINT AGUS LEAS LEANAÍ

## 1.1 Comhthéacs

Mar gheall go mbíonn siad spleách ar dhaoine eile agus mar gheall nach bhfuil siad lánaibí fós, bíonn leanaí i mbaol mí-úsáid de chineálacha éagsúla [tabhair faoi deara gur 'drochúsáid' a úsáidtear in ionad 'mí-úsáid' sa reachtaíocht agus i roinnt doiciméad de chuid Tusla, go háirithe i gcás drochúsáid ghnéasach]. Is ar thuismitheoirí nó ar chaomhnóirí atá an phríomhfhreagracht as cúram agus cosaint a gcuid leanaí. Mar sin féin, tá freagracht ar an gComhairle as a chinntiú go gcoinnítear leanaí agus daoine óga slán ó dhíobháil agus iad ag baint leas as gníomhaíochtaí/seirbhísí na Comhairle.

Ullmhaíodh an Beartas agus an Nós Imeachta seo i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus le *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017* (An Treoir um Thús Áite do Leanaí).

## 1.2 Aidhm

Is é an aidhm atá againn leis an doiciméad seo breac-chuntas a thabhairt ar bheartas agus nósanna imeachta éigeantacha an Údaráis Áitiúil maidir le leanaí a chosaint agus a choinneáil slán de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017*.

Tá an Ráiteas Corparáideach um Chosaint Leanaí, ráiteas de chuid an údaráis áitiúil, agus an Cód Iompair Foirne ina dtacaíocht ag an mbeartas agus an nós imeachta seo.

## 1.3 Ráiteas Beartais

Tá an Chomhairle meáite ar chur chuige atá dírithe ar leanaí a chur i bhfeidhm san obair a dhéantar le leanaí i ndáil le gach seirbhís agus gach gníomhaíocht, ag aithint agus ag freagairt go cuí don éagsúlacht i measc leanaí i dtimpeallacht atá saor ó steiréitíopáil agus ó gach cineál idirdhealaithe. Tá freagracht ar an gComhairle maidir le cosaint agus leas leanaí a chinntiú.

Cloíonn an Chomhairle leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus le *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí*, 2017 trí nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena gclúdaítear an méid seo a leanas:

- Earcú agus roghnú cuí i gcás fostaithe agus oibrithe deonacha
- Nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin cuí (de réir Acht an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí & Daoine Soghonta), 2012 go 2016) i leith daoine a dhéanann obair iomchuí le leanaí nó le daoine soghonta
- Bainistíocht, maoirseacht agus oiliúint chuí i gcás fostaithe, oibrithe deonacha agus scoláirí atá ar socrúchán oibre

- Údair imní, eachtraí, timpistí agus gearáin a thagann faoi bhráid an údaráis áitiúil a thuairisciú agus a thaifeadadh (féach Cuid 2 agus Aguisín II agus Aguisín III den doiciméad seo)
- Údair imní, eachtraí, timpistí agus gearáin a dhéantar faoin gComhairle, faoi fhostaithe/oibrithe deonacha de chuid an údaráis áitiúil, nó faoi aon duine atá i mbun taithí oibre nó intéirneacht leis an gComhairle a thuairisciú agus a thaifeadadh (féach Cuid 3 agus Aguisín II agus Aguisín III den doiciméad seo)
- Tuairisciú faoi rún a dhéanamh ar mhí-úsáid amhrasta nó ar mhí-úsáid a nochtar
- Scaipeadh faisnéise, de réir mar a mheastar a bheith riachtanach, d'fhostaithe, d'oibrithe deonacha, do thuismitheoirí/caomhnóirí, agus dóibh siúd a bhaineann leas as seirbhísí de chuid an údaráis áitiúil.
- Ag cinntiú go bhfuil na nósanna imeachta seo agus a gcur i bhfeidhm saor ó idirdhealú agus steiréitíopáil agus go n-aithníonn siad agus go n-oiriúnaíonn siad do riachtanais shonracha a a eascraíonn as éagsúlacht.
- Cumarsáid leordhóthanach agus inrochtana ar an bpolasaí seo agus ar ár Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

## 1.4 Raon Feidhme

Beidh feidhm ag an mbeartas seo maidir le:

- Gach fostaí de chuid an údaráis áitiúil, oibrithe atá ag obair ar bhonn deonach léi agus aon duine atá i mbun taithí oibre nó intéirneacht leis an gComhairle
- Feidhmeanna, seirbhísí agus gníomhaíochtaí uile an údaráis áitiúil a mbíonn tionchar acu ar leanaí
- Na soláthraithe/conraitheoirí go léir a sholáthraíonn 'Seirbhísí Iomchuí', atá fostaithe ag an údarás áitiúil agus a dtacaíonn an t-údarás áitiúil leo trí acmhainní a sholáthar. Sonraítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 gur seirbhís iomchuí faoin Acht é aon obair nó aon ghníomhaíocht arb é atá inti gníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó gníomhaíochtaí coirp a sholáthar do leanaí.
- Gach Grúpa Maoinithe/Grúpa Pobail a chuireann 'Seirbhísí Iomchuí' i gcrích thar ceann an Údaráis Áitiúil nó a fhaigheann cúnamh deontais nó tacaíocht nó cuidiú ón gComhairle.

## 1.5 Cuspóirí

Is é is cuspóir an bheartais ná sábháilteacht agus leas leanaí a neartú ina n-idirghníomhaíochtaí éagsúla leis an gComhairle, agus an éagsúlacht i measc leanaí a aithint agus cosaintí agus tacaíocht shonrach a sholáthar d'fhostaithe agus oibrithe deonacha a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil le leanaí, agus cultúr sábháilteachta a chothú nach bhfuil glacadh ar bith le mí-úsáid i gceist léi agus ina gcuirtear chun cinn leas na leanaí agus na ndaoine óga a bhaineann úsáid as seirbhísí na Comhairle.

## 1.6 An Reachtaíocht Ábhartha

Is ann do roinnt príomhphíosaí reachtaíochta, cóid chleachtais, caighdeáin agus treoracha a bhaineann go sonrach le tuairisciú a dhéanamh ar údair imní faoi leas agus cosaint leanaí:

- An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015
- *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017*

- An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016
- Treoir d'Eagraíochtaí um Chosaint (Tusla 2015)
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012
- Na hAchtanna um Cheartas Coiriúil, 2006-2013
- An tAcht um Dhliteanas Áititheoirí, 1995
- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018
- Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997-2014
- An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú
- An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 – 2018 agus Alt 42, an tAcht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.
- An tAcht um Chúram Leanaí, 1991
- An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998
- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017

Tugann an méid seo a leanas forbhreathnú gairid ar an reachtaíocht: *(Níl sé i gceist gur tuairim dhlíthiúil ná comhairle dhlíthiúil é seo agus i gcás amhrais ba chóir féachaint ar an mbunreachtaíocht.)*

- **An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015**

Tugadh lánéifeacht don Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ar an 11 Nollaig 2017. Foráiltear san Acht nach mór do phríomhghairmithe agus príomheagraíochtaí tuairisciú éigeantach a dhéanamh ar údair imní faoi leas agus cosaint leanaí. Ar cheann de phríomhchuspóirí an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus na Treorach um Thús Áite do Leanaí, 2017 tá féachaint chuige, i gcás eagraíochtaí a bhíonn ag obair le leanaí agus daoine óga, go gcoinneofar slán sábháilte iad agus iad ag baint leas as seirbhísí na n-eagraíochtaí sin. Baineann an reachtaíocht agus an treoir leis na hoibleagáidí atá ar sheirbhísí iomchuí i dtaobh a chosc, a mhéid is indéanta, go ndéanfaí díobháil d'aon ghnó do na leanaí a bhaineann leas as na seirbhísí sin, agus go dtabharfaí mí-úsáid d'aon ghnó dóibh. Cé nach féidir fáil réidh le gach riosca, ba chóir d'eagraíochtaí beartais agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun na rioscaí a bhainistiú agus a laghdú a mhéid is féidir.

Faoin Acht, leagtar oibleagáidí sonracha ar eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear ceanglas maidir leis an méid seo a leanas:

- Leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil agus iad ag úsáid seirbhísí iomchuí
- **Measúnú riosca** a dhéanamh chun féachaint an bhfuil aon bhaol ann go ndéanfaí díobháil do leanbh nó do dhuine óg agus na seirbhísí á n-úsáid aige nó aici
- Ráiteas um Chosaint Leanaí a ullmhú ina leagtar amach na beartais agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a aithníodh; agus
- Duine iomchuí a cheapadh mar chéad phointe teagmhála i ndáil leis an Ráiteas maidir le Cosaint Leanaí atá ag an eagraíocht.

- **An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998**

Faoin Acht seo, cosnaítear an té a dhéanann amhras faoi mhí-úsáid leanaí a thuairisciú d'oifigigh ainmnithe de chuid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), d'oifigigh de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó do na Gardaí fad is gur de mheon macánta a dhéantar an tuairisc agus nach tuairisc mhailíseach í. Áirítear le hoifigigh ainmnithe freisin daoine atá údaraithe ag Príomhfheidhmeannach Tusla chun tuairiscí ar ábhair imní faoi shainordú faoi leanbh a fháil ó dhaoine faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus a admháil go bhfuarthas iad.

Tá feidhm ag an gcosaint dhlíthiúil sin maidir le heagraíochtaí agus daoine aonair araon. Dá bhrí sin, fiú má chruthaítear nach bhfuil bunús le tuairisc faoi amhras a bheith ann maidir le mí-úsáid leanaí, bheadh ar ghearánaí a thionscain caingean a chruthú nach le réasún ná de mheon macánta a ghníomhaigh an duine a chuir an t-údar imní in iúl agus an tuairisc á dhéanamh aige nó aici. I gcás duine a dhéanann tuairisc de mheon macánta agus ar mhaithe le leas an linbh, d'fhéadfadh sé nó sí a bheith faoi chosaint faoin dlí coiteann freisin trí phribhléid shrianta a lua mar chosaint.

Tá liosta iomlán na ndaoine in Tusla agus in FSS ar oifigigh ainmnithe iad faoi Acht na bliana 1998 ar láithreáin ghréasáin na ngníomhaireachtaí sin (www.tusla.ie agus www.hse.ie).

- **An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006 – Cur i mBaol go Meargánta**

Faoi alt 176 den Acht seo, is cion é má chuireann duine, a bhfuil údarás nó smacht aige nó aici ar leanbh nó ar mhí-úsáideoir, an leanbh i mbaol d'aon ghnó nó go meargánta trína chur faoi deara nó trína cheadú go ndéanfar an leanbh a chur nó a fhágáil sa chaoi is go mbeidh riosca substaintiúil ann go ndéanfar drochdhíobháil don leanbh nó go dtabharfar drochúsáid ghnéasach dó nó di; nó trí mhainneachtain bearta réasúnacha a ghlacadh chun leanbh a chosaint ó riosca den sórt sin agus a fhios aige nó aici go bhfuil an leanbh i mbaol.

- **An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012**

Faoi Acht seo, is cion coiriúil é faisnéis a choimeád siar ar faisnéis í a bhaineann le cion tromchúiseach, lena n-áirítear cion gnéasach, a dhéanamh in aghaidh duine faoi 18 mbliana d'aois nó in aghaidh duine soghonta. Tagann an cion i gceist sa chás ina bhfuil a fhios ag duine nó a gcreideann sé nó sí go ndearnadh cion sonrach i gcoinne linbh nó duine soghonta agus go bhfuil faisnéis aige nó aici a bheadh ina cabhair ábhartha i dtaobh duine eile a ghabháil, a ionchúiseamh nó a chiontú sa chion sin agus ina mainneoidh sé nó sí, gan leithscéal réasúnach, an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta sin do dhuine den Gharda Síochána.

Ceanglaítear faoi Acht go gcaithfidh aon duine ag a bhfuil faisnéis maidir le cion tromchúiseach in aghaidh linbh, a bhféadfadh cúiseamh nó ionchúiseamh a bheith ina dtoradh air, an cion sin a thuairisciú don Gharda Síochána. Faoin Acht sin, is cion coiriúil é gan tuairisc dá leithéid a thabhairt. Tá an oibleagáid sin **sa bhreis ar** aon oibleagáidí a fhorchuirtear faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Forálacha na reachtaíochta maidir le faisnéis a choimeád siar, tá siad **sa bhreis ar** aon cheanglais tuairiscithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

- **Na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2012-2016**

Faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016, déantar foráil don bhonn reachtúil i ndáil le grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar dhaoine a dhéanann obair iomchuí le leanaí nó le daoine soghonta.

Sonraítear san Acht nach gceadóidh eagraíocht iomchuí d'aon duine ***obair nó gníomhaíochtaí iomchuí*** a dhéanamh thar ceann na heagraíochta sin mura bhfaighidh an eagraíocht nochtadh grinnfhiosrúcháin ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin i leith an duine sin. Tugtar sainmhíniú san Acht ar obair nó gníomhaíochtaí iomchuí mar seo a leanas: aon obair nó gníomhaíocht a dhéanann duine ar cuid riachtanach, rialta di é, go príomha, rochtain a bheith ag an duine ar leanaí nó daoine soghonta, nó teagmháil a bheith aige nó aici leo.

Is eagraíocht iomchuí í Comhairle Chontae na Gaillimhe chun críche an Achta agus tá na poist seo a leanas sainaitheanta faoi láthair mar phoist ina mbítear ag gabháil d'obair nó gníomhaíochtaí iomchuí agus dá bhrí sin a dteastaíonn Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ina leith: baill foirne Leabharlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Comhraiceoirí Dóiteáin, Gardaí Tarrthála Trá, Maoir Scoile, Oibrithe Sóisialta agus baill foirne na gComhpháirtíochtaí Spóirt.

## 1.7 Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí

Ceapfaidh an Chomhairle ar a laghad Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe amháin um Chosaint Leanaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- údair imní maidir le leas agus cosaint leanaí a fháil agus a mheas
- dul i gcomhairle le Tusla
- tuairiscí foirmiúla maidir le leas agus cosaint leanaí a chur faoi bhráid Tusla
- taifid rúnda a choinneáil agus tuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas, nuair is cuí, má tá tuairisc le cur faoi bhráid Tusla nó an Gharda Síochána (tabhair faoi deara nach gá an teaghlach a chur ar an eolas má tá an duine atá ag tabhairt tuairisce den tuairim réasúnach go mbeadh an duine sin i mbaol díobháil ón teaghlach dá ndéanfaí amhlaidh).

***Sonraí i leith Chomhairle Chontae na Gaillimhe:***

**Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí:**
An tUasal Kieran Keon – Teileafón: 091-509018 Ríomhphost: *kkeon@galwaycoco.ie*

**Leas-Oifigeach um Chosaint Leanaí:**
Eibhlín Ellis Uasal – Teileafón: 091-509214 Ríomhphost: *eellis@galwaycoco.ie*

**Leas-Oifigeach um Chosaint Leanaí:**
Mary Lavelle Uasal – Teileafón: 091-509383. Ríomhphost: *malavelle@galwaycoco.ie*

## 1.8 Daoine faoi Shainordú

Faoi Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, leagtar oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine sonracha tuairisciú do Tusla faoi aon eachtra ina ndéantar díobháil do leanbh más díobháil í a thagann le tairseach

shonraithe nó a sháraíonn an tairseach sin. Tá na daoine sin ainmnithe mar dhaoine faoi shainordú faoin reachtaíocht.

Coinneoidh Aonad Acmhainní Daonna na Comhairle liosta de na haicmí daoine san eagraíocht ar daoine faoi shainordú iad faoin Acht (**Aguisín IV**) lena n-áirítear na daoine seo a leanas a mheastar gur daoine faoi shainordú iad i gComhairle Chontae na Gaillimhe.

**Meastar na róil seo a leanas i gComhairle Chontae na Gaillimhe a bheith ina ndaoine faoi shainordú faoin Acht:**

- **Oibrithe Sóisialta**

  An tUasal Kieran Keon
  Eibhlín Ellis Uasal
  Mary Lavelle Uasal

## 1.9 Measúnú Riosca

Ní mór do gach réimse seirbhíse de chuid na Comhairle measúnú riosca a dhéanamh ar aon fhéidearthacht go ndéanfaí díobháil do leanbh agus leas á bhaint aige nó aici as seirbhísí de chuid na Comhairle, lena n-áireofar measúnú scríofa ar an riosca agus na bearta atá i bhfeidhm chun bainistiú agus/nó maolú a dhéanamh ar aon riosca a shainaithnítear.

## 1.10 Ráiteas Corparáideach um Chosaint Leanaí

De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, ullmhóidh an Chomhairle Ráiteas Corparáideach um Chosaint Leanaí (**féach Aguisín VIII**).

Ba chóir a áireamh sa Ráiteas Corparáideach um Chosaint Leanaí measúnú scríofa ar na rioscaí, agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun:

- Bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a shainaithnítear
- Faisnéis agus oiliúint a chur ar fáil d'fhostaithe agus d'oibrithe deonacha maidir le saincheisteanna a bhaineann le leanaí a chosaint agus a choinneáil slán agus le leas leanaí
- A chur ar a gcumas d'fhostaithe/oibrithe deonacha, cibé acu daoine faoi shainordú nó eile, tuairisciú do Tusla de réir an Achta nó de réir aon treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire
- Liosta a choinneáil de dhaoine san eagraíocht ar daoine faoi shainordú iad faoin Acht
- Duine iomchuí (Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí) a cheapadh san eagraíocht chun críocha an Achta
- An ráiteas a chur ar fáil agus a scaipeadh ar gach ball foirne agus an Ráiteas Corparáideach um Chosaint Leanaí a chur ar taispeáint go poiblí chomh maith le é a chur ar fáil agus a dháileadh i bhformáidí inrochtana.
- Neamh-idirdhealú agus oiriúnú don éagsúlacht a chinntiú ina fhorbairt agus á chur i bhfeidhm.

Scaipfear an Ráiteas Corparáideach um Chosaint Leanaí ar gach fostaí/oibrí deonach iomchuí agus cuirfidh na seirbhísí iomchuí an Ráiteas ar taispeáint go poiblí agus cuirfidh siad ar fáil é do

thuismitheoirí agus caomhnóirí, Tusla agus daoine den phobal ach é a iarraidh, ag cinntiú go mbeidh formáidí inrochtana agus cuí ar fáil.

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas Corparáideach um Chosaint Leanaí gach 2 bhliain.

## 1.11 Beartas maidir le Nós Imeachta Gearáin agus Araíonachta

Mura gcomhlíontar Beartas agus Nós Imeachta na Comhairle maidir le Cosaint Leanaí, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí gníomh araíonachta lena n-áirítear deireadh a chur leis an bhfostaíocht i gcás sáruithe níos tromchúisí de réir Bheartas agus Nós Imeachta Araíonachta na Comhairle.

Measfar gur ábhar araíonachta iad líomhaintí mailíseacha nó cráiteacha maidir le mí-úsáid leanaí a dhéanann fostaithe/oibrithe deonacha, agus is dá réir sin a dhéileálfar leo.

## 1.12 Coinneáil Taifead, Rúndacht agus Cosaint Sonraí

Ní sárú rúndachta ná sárú ar an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí é faisnéis a sholáthar do na gníomhaireachtaí reachtúla chun leanbh a chosaint.

Coinneofar taifid de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018 i gcóras comhdúcháin slán a bhfuil rochtain rialaithe air, agus nach bhfuil fáil air ach ag daoine iomchuí faoi réir oibleagáidí agus dualgais na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018.

## 1.13 Faisnéis agus Oiliúint

Déanfaidh Rannóg Acmhainní Daonna na Comhairle an méid seo a leanas:

- Socruithe ionas go bhfreastalóidh Oifigigh agus Leas-Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí ar sheisiúin faisnéise agus oiliúna maidir le cosaint agus leas leanaí, ionas go mbeidh ar a gcumas tabhairt faoin ról sin.

- Eagrú d'fhostaithe ar daoine faoi shainordú iad faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus orthu siúd a mheastar a bheith ina ndaoine faoi shainordú i gComhairle Chontae na Gaillimhe, mar a shainmhínítear an ról sin sa bheartas seo, dul i mbun oiliúint ar líne maidir le Tús Áite do Leanaí agus Tús Áite do Leanaí: Ról agus Freagrachtaí i gcás Duine faoi Shainordú agus cóip den deimhniú a thabhairt don Rannóg. Beidh an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí ar fáil chun seisiúin faisnéise bhreise a sholáthar do dhaoine faoi shainordú de réir mar is gá.

- • Eagrú do na hOifigigh atá ainmnithe tiomnaithe um Chosaint Leanaí, agus do na Leas-Oifigigh, agus d'fhostaithe ar daoine sainordaithe iad chun freastal ar oiliúint éagsúlachta agus comhionannais a thugann aghaidh ar shaincheisteanna idirdhealaithe, ciapadh, steiréitíopaí, éagsúlachta agus cóiríocht na héagsúlachta.

- Socruithe ionas go gcuirfidh fostaithe uile na heagraíochta i gcrích an Oiliúint Ar Líne maidir le Tús Áite do Leanaí a sholáthraíonn FSS agus go dtabharfaidh siad cóip den deimhniú don Rannóg Acmhainní Daonna.

- Socruithe ionas go gcuirfidh fostaithe nua na heagraíochta i gcrích an Oiliúint Ar Líne maidir le Tús Áite do Leanaí a sholáthraíonn FSS agus go dtabharfaidh siad cóip den deimhniú don Rannóg Acmhainní Daonna. Beidh ar ghardaí tarrthála an deimhniú sin a chur ar fáil roimh a ndáta tosaigh.

- Sa chás ina n-iarrfaidh Réimse Seirbhíse é, déanfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna socruithe ionas gur féidir le hoibrithe deonacha a dteastaíonn faisnéis agus oiliúint leordhóthanach, chuí uathu maidir le leas agus cosaint leanaí tabhairt faoin Oiliúint Ar Líne maidir le Tús Áite do Leanaí agus cóip den deimhniú a thabhairt don réimse seirbhíse.

- Is féidir le bainisteoirí líne dul i dteagmháil leis an Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí le haghaidh tuilleadh faisnéise, tacaíochta agus treorach maidir leis an mbeartas seo de réir mar is gá.

- Tá **oiliúint ar líne ó FSS maidir le Tús Áite do Leanaí** ar fáil don fhoireann ag an nasc seo a leanas: https://childrenfirstuniversal.hseland.ie/en/.

- Tá oiliúint ar líne ó FSS ag an nasc seo a leanas maidir le ról agus freagracht an **Duine faoi Shainordú i leith Tús Áite do Leanaí**: https://rise.articulate.com/share/0SLOAecxxd46MwV9GqdfS6toZBwCCHkp#/

## 1.13 Aiseolas

Is féidir aiseolas faoi chur i bhfeidhm an bheartais seo ó éagsúlacht daoine agus grúpaí a bhfuil baint againn leo a sheoladh chuig an Uasal Ciarán Keon, Oifigeach Ainmnithe Idirchaidrimh um Chosaint Leanaí.

## **CUID 2:** NÓSANNA IMEACHTA TUAIRISCITHE MAIDIR LE COSAINT AGUS LEAS LEANAÍ

### 2.1 Nós Imeachta d'Fhostaithe/Oibrithe Deonacha a Thuairiscíonn Údair Imní maidir le Cosaint Leanaí

Ba chóir i gcónaí Tusla a chur ar an eolas nuair a bhíonn údar réasúnach imní ag duine go bhféadfadh sé go bhfuil nó go raibh mí-úsáid á tabhairt do leanbh nó faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil an baol sin ann. Má dhéantar neamhaird de chomharthaí mí-úsáide a d'fhéadfadh a bheith ann, tá an baol ann go ndéanfar díobháil leanúnach don leanbh. Ní gá a chruthú gur tharla mí-úsáid chun údar imní a thuairisciú do Tusla. Ní gá ach go bhfuil forais réasúnacha imní ann. Is é ról Tusla é measúnú a dhéanamh ar údair imní a chuirtear in iúl dóibh. Is féidir le daoine a thuairiscíonn údair imní a bheith cinnte de go ndéanfar a gcuid faisnéise a mheas go cúramach in éineacht le haon fhaisnéis eile atá ar fáil, agus rachfar ar aghaidh le measúnú maidir le cosaint leanaí má chinntear go bhfuil baol sách mór mí-úsáide nó faillí ann.

### 2.2 Cad is forais réasúnacha ann le húdar imní faoi chosaint nó leas leanaí?

- Fianaise (gortú nó iompar, mar shampla) atá ag teacht le mí-úsáid agus nach dócha a tharla ar aon bhealach eile
- Aon údar imní maidir le drochúsáid ghnéasach a d'fhéadfadh a bheith i gceist
- Comharthaí seasta go bhfuil faillí á déanamh i leanbh i dtaobh na mothúchán nó na colainne
- Leanbh á rá nó á thabhairt le fios ar bhealaí eile go ndearnadh mí-úsáid air nó uirthi
- Admháil nó léiriú ó dhuine fásta nó leanbh i dtaobh mí-úsáid a líomhnaítear a rinne sé nó sí
- Cuntas ó dhuine a chonaic mí-úsáid á déanamh ar an leanbh
- Ní hé an rud a bhí ar intinn ag an té a rinne mí-úsáid an toisc chinntitheach agus údair imní faoi mhí-úsáid á mbreithniú, ach an tionchar ar an leanbh.

Tá cur síos in **Aguisín I** ar na ceithre phríomhchineál mí-úsáide agus leagtar amach ansin conas is féidir mí-úsáid agus faillí a aithint.

### 2.3 Céimeanna atá le glacadh ag fostaí/oibrí deonach a bhfuil eolas aige nó aici faoi mhí-úsáid leanaí:

a) I gcás fostaí/oibrí deonach ar a bhfuil imní go ndearnadh díobháil do leanbh nó go bhfuil sé nó sí i mbaol díobhála, ba chóir dó nó di caitheamh leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis faoi rún agus ba chóir dó nó di an t-údar imní a phlé leis an mbainisteoir líne. Tá dualgas ar an bhfostaí/oibrí deonach freisin an t-údar imní sin a chur in iúl don Oifigeach (nó don Leas-Oifigeach) Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí gan mhoill.

b) Nuair a bhíonn údar imní á chur in iúl don Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí, líonfaidh an fostaí/oibrí deonach isteach Foirm Thuairiscithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe um Chosaint Leanaí, atá in Aguisín II, agus cuirfidh sé nó sí an fhoirm ar aghaidh gan mhoill chuig an Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí. D'fhéadfadh sé go n-iarrfadh an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí ar an bhfostaí/oibrí deonach tuilleadh faisnéise nó cúnaimh a thabhairt chun eolas a chur ar fáil don mheasúnú agus d'fhoirm Tusla.

c) Féadfaidh an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí an fhaisnéis a thuairisciú do Tusla, agus féadfaidh Tusla an Garda Síochána a chur ar an eolas faoi údar imní.

d) I gcás éigeandála, nó nuair a bhíonn baol láithreach ann do leanbh nó nuair nach féidir dul i dteagmháil leis an Oifigeach/Leasoifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí ná le Tusla, ba chóir tuairisc dhíreach a thabhairt don Gharda Síochána. Ina dhiaidh sin, ba chóir fós tuairisciú don Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí agus an tuairisc a chur faoi bhráid Tusla, de réir nós imeachta tuairiscithe na Comhairle.

e) Más fostaí/oibrí deonach de chuid na Comhairle é nó í an té atá faoi dhrochamhras maidir le mí-úsáid, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid an Oifigigh Ainmnithe um Chosaint Leanaí láithreach bonn, cuirfidh an té sin an Stiúrthóir Seirbhísí atá freagrach as Acmhainní Daonna ar aon eolas, agus cuirfidh seisean nó sise an Príomhfheidhmeannach nó ionadaí ainmnithe ar an eolas gan mhoill. Tá cur síos breise ar na nósanna imeachta i gCuid 3 den doiciméad seo, 'Déileáil le húdair imní faoi Chosaint agus Leas Leanaí a cuireadh in iúl i ndáil le fostaí nó oibrí deonach'.

f) Ní hé nó hí an duine a thagann trasna ar chás mí-úsáide líomhanta nó amhrasta ar dtús atá freagrach as cinneadh a dhéanamh ar tharla nó nár tharla mí-úsáid. Is faoi Tusla nó an Garda Síochána atá sé sin.

g) Níor cheart d'aon fhostaí nó oibrí deonach, i gcúinsí ar bith, iarracht a dhéanamh idirghabháil a dhéanamh nó déileáil le fadhb na mí-úsáide.

| **Nósanna Imeachta Tuairiscithe maidir le Mí-úsáid Amhrasta / Nochta** |
|---|
| Tá imní nó amhras ar fhostaí oibrí deonach<br>↓<br>Déan an t-ábhar a phlé leis an mbainisteoir líne<br>↓<br>Cuir ar an eolas an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí<br>*(Ba chóir an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí a chur ar an eolas freisin faoi údair imní i ndáil le fostaí nó oibrí deonach, féach Cuid 3 den doiciméad seo 'Déileáil le húdair imní faoi Chosaint agus Leas Leanaí a cuireadh in iúl i ndáil le fostaí nó oibrí deonach' le haghaidh tuilleadh treorach.)*<br>*I gcás éigeandála, nó nuair a bhíonn leanbh i mbaol láithreach nó nuair nach féidir dul i dteagmháil leis an Oifigeach/Leas-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí ná le Tusla, ba chóir tuairisc dhíreach a thabhairt do Tusla/don Gharda Síochána.*<br>Líon isteach Foirm Thuairiscithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe um Chosaint Leanaí – **Aguisín II**<br>↓<br>Cuirfidh an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí Tusla ar an eolas – **Aguisín III**<br>↓<br>Cuirfidh an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí duine nó beirt de na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas má tá tuairisc á dhéanamh ***mura rud é go gcuirfí an leanbh i mbaol dá bharr sin nó go mbainfí an bonn den imscrúdú***<br>↓<br>Tabharfaidh an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí tuairisc don Gharda Síochána mura féidir dul i dteagmháil le Tusla – le linn éigeandála nó lasmuigh d'uaireanta oibre. |

## 2.4 Labhairt le Tuismitheoirí/Cúramóirí faoi Údar Imní

Ní cheanglaítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 go gcuirfeadh an té atá ag tabhairt tuairisce in iúl don teaghlach go bhfuil tuairisc faoin reachtaíocht á tabhairt do Tusla. Tá sé ag teacht leis an dea-chleachtas é sin a dhéanamh, áfach, agus nuair is féidir é cuirfidh na daoine faoi shainordú ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá ag déanamh na tuairisce, nó an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí, in iúl don teaghlach go bhfuil tuairisc á déanamh agus na cúiseanna atá leis an gcinneadh, mura gcinnfidh an tOifigeach Ainmnithe go gcuirfí an leanbh i mbaol dá bharr sin nó go mbainfí an bonn den imscrúdú. Nuair a bhíonn teaghlach á chur ar an eolas, déantar cúram

d'éagsúlacht a aithint agus freagairt agus aird a thabhairt ar aon riachtanais shonracha a thagann chun cinn chun rannpháirtíocht leordhóthanach agus chuí a chinntiú.

Ní gá a chur in iúl don teaghlach go bhfuil tuairisc á déanamh más rud é go gcuirfear an leanbh i mbaol breise dá bharr sin nó i gcásanna ina bhféadfadh eolas an teaghlaigh ar an tuairisc dochar a dhéanamh do chumas Tusla measúnú a dhéanamh. Ina theannta sin, ní gá an teaghlach a chur ar an eolas má tá an duine atá ag déanamh na tuairisce den tuairim réasúnach go mbeadh an duine atá ag tabhairt tuairisce i mbaol díobháil ón teaghlach dá ndéanfaí amhlaidh.

## 2.5 Nós Imeachta Caighdeánach Tuairiscithe don Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí

Seo thíos achoimre ar na treoirphrionsabail maidir le mí-úsáid leanaí nó faillí i leith leanaí a thuairisciú:

i. ní mór tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus folláine an linbh, agus é sin a bheith chun tosaigh ar údair imní faoi dhaoine fásta a bhféadfaí líomhain a dhéanamh ina leith
ii. ba chóir tuairiscí faoi údair imní a thabhairt do Tusla gan mhoill.

## 2.6 An tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí:

Tá an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí sa Chomhairle freagrach as féachaint chuige go leanfar nósanna imeachta tuairiscithe sa Chomhairle ionas go gcuirfear údair imní faoi leas agus cosaint leanaí ar aghaidh go pras chuig Tusla, de réir Nós Imeachta Tuairiscithe na Comhairle.

Tá na daoine seo a leanas ceaptha ag an gComhairle mar Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí agus Leas-Oifigigh Idirchaidrimh um Chosaint Leanaí de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015. Is iad seo a leanas sonraí teagmhála an Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí agus na Leas-Oifigeach:

***Sonraí i leith Chomhairle Chontae na Gaillimhe:***

**Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí:**
An tUasal Kieran Keon – Teileafón: 091-509018 Ríomhphost: *kkeon@galwaycoco.ie*

**Leas-Oifigeach um Chosaint Leanaí:**
Eibhlín Ellis Uasal – Teileafón: 091-509214 Ríomhphost: *eellis@galwaycoco.ie*

**Leas-Oifigeach um Chosaint Leanaí:**
Mary Lavelle Uasal – Teileafón: 091-509383. Ríomhphost: *malavelle@galwaycoco.ie*

Ba chóir don Oifigeach/Leas-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí taifeadadh a dhéanamh ar gach údar imní nó líomhain maidir le mí-úsáid leanaí a chuirtear ar a aird nó ar a haird, mar aon le gach gníomh a dhéantar tar éis údar imní nó líomhain faoi mhí-úsáid leanaí a fháil.

Ba chóir i gcónaí Tusla a chur ar an eolas nuair a bhíonn **údar réasúnach imní** ag duine go bhféadfadh sé go bhfuil nó go raibh mí-úsáid á tabhairt do leanbh nó faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil an baol sin ann. Is féidir údar imní a thuairisciú agus duine i láthair go pearsanta, ar an teileafón nó i scríbhinn – ar an ríomhphost san áireamh – chuig seirbhís áitiúil na n-oibrithe sóisialta ar dualgas sa cheantar ina bhfuil cónaí ar an leanbh. Tá sonraí teagmhála fhoirne oibre sóisialta na Gníomhaireachta ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta (www.tusla.ie) agus in Aguisín III.

Mura bhfuil an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí cinnte ar cheart údar imní a thuairisciú do Tusla, is féidir leis an té sin teagmháil a dhéanamh le Tusla chun an t-údar imní a phlé go neamhfhoirmiúil. Leis sin, tugtar an deis an t-údar imní a phlé agus cinneadh a dhéanamh an gá tuairisc fhoirmiúil ar an údar imní a chur faoi bhráid Tusla. Mura bhfuil an t-údar imní sách tromchúiseach le gur cheart é a thuairisciú, d'fhéadfadh sé go mbeadh Tusla in ann comhairle a chur ar fáil maidir le céard is ceart a dhéanamh agus maidir le seirbhísí eile a d'fhéadfadh a bheith níos oiriúnaí don leanbh agus/nó don teaghlach.

**Má cheapann tú go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba chóir duit dul i dteagmháil leis na Gardaí gan mhoill.**

## 2.7 Cén fhaisnéis is ceart a thabhairt

Chun cabhrú le Tusla/na Gardaí an t-údar imní a mheas, tá a oiread faisnéise agus is féidir de dhíth orthu.

Áirítear leis an bhfaisnéis sin, más eol iad, na sonraí seo:

- ainm, seoladh agus aois an linbh
- ainmneacha agus seoltaí na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí
- más eol iad, a n-ainmneacha siúd a líomhnaítear atá ag déanamh díobháil don leanbh nó nach bhfuil ag tabhairt aire chuí dó nó di
- mionchuntas ar na húdair imní (mar shampla, sonraí faoin líomhain, dátaí a tharla eachtraí is údar imní, cur síos ar ghortuithe)
- ainmneacha leanaí eile sa teaghlach
- ainm na scoile ar a bhfreastalaíonn an leanbh
- ainm an duine atá ag déanamh na tuairisce, sonraí teagmhála an té sin agus gaol leis an leanbh.

Dá mhéad faisnéise a bheidh ar fáil do Tusla ag céim luath, is amhlaidh is fearr a bheidh siad in ann seiceáil iomlán a dhéanamh ar a dtaifid, mar shampla chun féachaint ar cuireadh an leanbh agus/nó deirfiúr nó deartháir leis nó léi faoina mbráid roimhe sin, nó an raibh teagmháil roimhe sin idir duine fásta sa teaghlach agus na seirbhísí cosanta leanaí. Is cúnamh í an fhaisnéis sin freisin d'oibrithe sóisialta Tusla ó thaobh tús áite a thabhairt do chásanna mar is cuí. Ní féidir leo freagairt láithreach do gach cás ach déanfaidh siad amhlaidh i gcónaí i gcás ina mbeidh leanbh i mbaol láithreach nó i mbaol mór díobhála. Chomh maith leis sin, cabhróidh an fhaisnéis le Tusla a chinneadh an mbeadh

seirbhís eile níos oiriúnaí chun cabhrú le freastal ar riachtanais an linbh, i.e., seirbhís tacaíochta pobail nó seirbhís tacaíochta teaghlaigh seachas seirbhís oibre sóisialta de chuid Tusla.

## 2.8 Achoimre ar na céimeanna atá le glacadh ag an Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí

Nuair a fhaigheann an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí tuairisc faoi mhí-úsáid leanaí, déanfaidh sé nó sí an méid seo a leanas:

- A mheas an bhfuil forais réasúnacha ann chun an cás a thuairisciú do Tusla
- Soiléiriú a dhéanamh leis an duine a thuairiscigh an t-údar imní nó tuilleadh faisnéise a fháil ón té sin  An fhaisnéis a thaifeadadh agus caitheamh léi mar fhaisnéis faoi rún
- Sa chás inar le fostaí/oibrí deonach de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe a bhaineann an t-údar imní, an Stiúrthóir Seirbhísí atá freagrach as Acmhainní Daonna a chur ar an eolas, agus cuirfidh an té sin an Príomhfheidhmeannach nó a ionadaí ar an eolas.  Tugtar tuilleadh treorach sa doiciméad seo i gCuid 3 '*Déileáil le húdair imní faoi Chosaint agus Leas Leanaí a cuireadh in iúl i ndáil le fostaí nó oibrí deonach*'. Má bhíonn aon amhras nó éiginnteacht i gceist, téigh i gcomhairle le Tusla.
- An cás a chur faoi bhráid Tusla ar bhonn foirmiúil
- Tuairisc a thabhairt don Gharda Síochána más cás éigeandála é.

I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun údar imní faoi mhí-úsáid leanaí a thuairisciú, tabharfaidh an tOifigeach/Leas-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí tuairisc do Tusla.

Tá Foirm Chaighdeánach chun Údair Imní faoi Chosaint agus/nó Leas Leanaí a Thuairisciú in **Aguisín II** agus ar láithreán gréasáin Tusla (www.tusla.ie) agus ba chóir í a úsáid chun mí-úsáid amhrasta leanaí a thuairisciú do Tusla nó don Gharda Síochána.  Más ar an nguthán nó go pearsanta a dhéantar tuairisc, ba chóir an fhoirm sin a líonadh isteach agus a chur chuig Tusla ina dhiaidh sin.

## 2.9 Nuair a chinntear gan údar imní a thuairisciú

Má chinneann an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí **gan** údar imní a thuairisciú do Tusla, ba chóir na céimeanna seo a leanas a leanúint:

- Ba chóir taifead a dhéanamh ar na cúiseanna nach bhfuil tuairisc á tabhairt
- Má dhéantar aon ghníomhartha mar thoradh ar an údar imní, ba chóir iad a thaifeadadh
- Ba chóir míniú soiléir i scríbhinn a thabhairt don fhostaí nó don oibrí deonach a d'ardaigh an t-údar imní ar na cúiseanna nach bhfuil an t-údar imní á thuairisciú do Tusla.
- Ba chóir don fhostaí nó don oibrí deonach a thabhairt ar aird, sa chás ina bhfuil imní áit nó uirthi fós faoin gcás, go bhféadfaidh sé nó sí tuairisciú do Tusla nó don Gharda Síochána.

## 2.10 Tuairiscí Gan Ainm

Cé gur féidir údar imní a thuairisciú gan ainm a lua, d'fhéadfadh sé go mbeadh deacracht ag Tusla an t-údar imní a mheas sa chás sin.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach féidir le daoine faoi shainordú tuairisc gan ainm ar údar imní faoi shainordú a chur isteach, toisc nach gcomhlíonfaí na hoibleagáidí reachtúla atá ar dhuine faoi shainordú faoin Acht ar an gcaoi sin.

## 2.11 Daoine faoi Shainordú

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara **gurb é nó an duine a bhfuil ról an duine faoi shainordú aige nó aici** a chaithfidh an oibleagáid reachtúil atá ar dhaoine faoi shainordú a chomhlíonadh maidir le tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus nach féidir leis an Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí é sin a dhéanamh thar a cheann nó thar a ceann.

I gcás roinnt Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí, is daoine faoi shainordú a bheidh iontu faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus beidh feidhm ag oibleagáidí reachtúla an duine faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Sa chás sin, má chuirtear na hOifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí ar an eolas faoi údar imní faoi leanbh a bhfuil díobháil sách tromchúiseach i gceist leis gur gá tuairisc faoi shainordú a dhéanamh ina leith – leibhéal tromchúise a leagtar amach san Acht – beidh oibleagáid reachtúil orthu tuairisciú do Tusla ag eascairt as a ról mar dhuine faoi shainordú.

Cé go bhfuil oibleagáidí reachtúla ar dhaoine faoi shainordú maidir le tuairisciú, féadfaidh siad tuairisc a dhéanamh i gcomhpháirt le duine eile, cibé acu an duine faoi shainordú é nó í an duine eile sin nó nach ea. Go bunúsach, fágann sé sin gur féidir le duine faoi shainordú tuairisc a dhéanamh i gcomhpháirt le hOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí.

Ba chóir don Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí agus/nó an Duine faoi Shainordú de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe (an té a chuirfidh tuairisc isteach) taifeadadh a dhéanamh, de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018, ar gach údar imní a thuairiscítear, ar na bearta a rinneadh, agus ar na torthaí.

## 2.12 Cé hiad na Daoine faoi Shainordú

Is éard is daoine faoi shainordú ann ná daoine a bhfuil teagmháil leanúnach acu le leanaí agus/nó le teaghlaigh agus atá in ann, de bhua a gcáilíochtaí, a n-oiliúna agus a dtaithí, cabhrú le leanaí a chosaint ó dhíobháil (féach **Aguisín IV** agus **an sainmhíniú in Aguisín VI**).

Tá liosta iomlán in **Aguisín IV** de na daoine atá rangaithe mar dhaoine faoi shainordú faoin Acht, lena n-áirítear na róil seo a leanas a mheastar a bheith ina ndaoine faoi shainordú i gComhairle Chontae na Gaillimhe.

**Meastar na róil seo a leanas i gComhairle Chontae na Gaillimhe a bheith ina ndaoine faoi shainordú faoin Acht:**

- **Oibrithe Sóisialta**

  An tUasal Kieran Keon
  Eibhlín Ellis Uasal
  Mary Lavelle Uasal

## 2.13 Oibleagáidí Dlíthiúla atá ar Dhuine faoi Shainordú

Dhá phríomhoibleagáid dhlíthiúla atá ar dhaoine faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015:

(i) díobháil do leanaí os cionn tairseach shainithe a thuairisciú do Tusla, agus
(ii) cúnamh a thabhairt don Ghníomhaireacht, má iarrtar sin, measúnú a dhéanamh ar údar imní a bhí ina ábhar tuairisce faoi shainordú.

**Sonraítear in alt 14(1) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015:**

I gcás ina bhfuil a fhios ag duine faoi shainordú, ina gcreideann sé nó sí nó ina bhfuil forais réasúnacha ann amhras a bheith air nó uirthi, ar bhonn faisnéis atá faighte aige nó aici nó a dtagann sé nó sí ar an eolas fúithi i gcúrsa na fostaíochta nó na gairme mar dhuine faoi shainordú den sórt sin –

(a) go ndearnadh díobháil do leanbh,
(b) go bhfuil díobháil á déanamh do leanbh, nó
(c) go bhfuil an baol ann go ndéanfar díobháil do leanbh,

déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta, an t-eolas, an tuairim nó an t-amhras sin, de réir mar a bheidh, a thuairisciú don Ghníomhaireacht.

[*aistriúchán neamhoifigiúil ar an mbunleagan Béarla*]

**Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, alt 14(2), leagtar oibleagáidí ar dhaoine faoi shainordú freisin i dtaobh tuairisciú a dhéanamh ar aon nochtadh a dhéanann leanbh:**

I gcás ina gcreideann leanbh –

(a) go ndearnadh díobháil dó nó di,
(b) go bhfuil díobháil á déanamh dó nó di, nó
(c) go bhfuil an baol ann go ndéanfar díobháil dó nó di,

agus go nochtfaidh sé nó sí an tuairim sin do dhuine faoi shainordú i gcúrsa fostaíochta nó gairme duine faoi shainordú sa cháil sin, déanfaidh an duine faoi shainordú, [...] a luaithe is indéanta, an nochtadh sin a thuairisciú don Ghníomhaireacht.

[*aistriúchán neamhoifigiúil ar an mbunleagan Béarla*]

## 2.14 Nós Imeachta maidir le hÚdair Imní faoi Shainordú a Thuairisciú

## 2.15 Critéir i ndáil le tuairisciú: sainmhínithe agus tairseacha

Sonraítear sa reachtaíocht go gceanglaítear ar dhaoine faoi shainordú tuairisciú a dhéanamh ar aon eolas, tuairim, nó cúis réasúnach amhrais go ndearnadh díobháil do leanbh, go bhfuil díobháil á déanamh do leanbh nó go bhfuil leanbh i mbaol díobhála. Is é an sainmhíniú a thugtar ar 'díobháil' san Acht ionsaí, drochíde, faillí nó drochúsáid ghnéasach, agus clúdaítear leis sin an rud a tharlaíonn uair amháin agus an rud a tharlaíonn arís is arís. Tá cur síos ar na ceithre chineál mí-úsáide/drochúsáide in Aguisín I. Leagtar amach thíos an tairseach dhíobhála i leith gach catagóire mí-úsáide nó drochúsáide ag a bhfuil oibleagáid **dhlíthiúil** ar dhaoine faoi shainordú údar imní a thuairisciú.

I gcás duine faoi shainordú a bhfuil imní air nó uirthi faoi leanbh, ba chóir dó nó di a chinneadh an gcomhlíonann an t-údar imní an tairseach i dtaobh tuairisc faoi shainordú faoin Acht. I gcás ina bhfuil sé nó sí deimhin de go bhfuil an tairseach sin bainte amach, ba chóir don duine faoi shainordú a shonrú go soiléir ar an tuairisc gur tuairisc faoi shainordú í atá á déanamh faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. I gcás údar imní nach mbainfidh amach an tairseach le haghaidh tuairisc faoi shainordú, ba chóir é a thuairisciú fós mar thuairisc chaighdeánach faoin Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017 más údar imní réasúnach é a bhaineann le leas nó cosaint linbh. Má bhíonn an duine faoi shainordú in amhras faoin cibé an bhfuil nó nach bhfuil an t-údar imní ag teacht leis an sainmhíniú dlíthiúil ar dhíobháil chun críche tuairisc faoi shainordú a dhéanamh, is féidir le Tusla comhairle a chur air nó uirthi faoi sin. Tá sonraí na ndaoine ar chóir teagmháil a dhéanamh leo maidir leis sin ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta.

## 2.16 Nochtadh mí-úsáide ó leanbh nó duine óg

Má fhaigheann daoine faoi shainordú nochtadh díobhála ó leanbh faoi chás atá os cionn na dtairseach a leagtar amach sa Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017, ní mór dóibh tuairisc faoi shainordú ar an údar imní a thabhairt do Tusla. Ní chaithfidh daoine faoi shainordú fírinne na n-éileamh nó creidiúnacht an linbh a mheas. Mar sin féin, ní mór duit Tusla a chur ar an eolas faoi gach údar réasúnach imní faoi leanbh.

Níl feidhm ag na ceanglais tuairiscithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ach amháin maidir le faisnéis a fuair duine faoi shainordú nó ar tháinig an té sin ar an eolas fúithi ó tháinig an tAcht i bhfeidhm, is cuma ar tharla an díobháil roimh thosach feidhme nó tar éis thosach feidhme an ailt ar thuairisciú faoi shainordú. Mar sin féin, más ann d'údair réasúnacha imní faoi mhí-úsáid san am atá caite i gcás inar tháinig faisnéis ar aird an ghairmí roimh an Acht agus ina bhfuil seans ann go bhféadfadh baol leanúnach a bheith i gceist do leanaí, féadfar iad a thuairisciú don Ghníomhaireacht faoin Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017.

## 2.17 Díolúintí ó cheanglais tuairiscithe

Baineann na heisceachtaí i dtaobh ceanglais tuairiscithe le:

1. Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil faoi aois, agus
2. Údair imní nach n-eascraíonn ó chúraim ghairmiúla *Tá sonraí iomlána leagtha amach sa Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017 (Caibidil 3, Leathanach 23).*

## 2.18 Údair imní nach n-eascraíonn ó chúraim ghairmiúla

An oibleagáid dhlíthiúil maidir le tuairisciú faoin Acht, tá feidhm aici maidir le faisnéis a fhaigheann daoine faoi shainordú le linn a ngairme nó a bhfostaíochta. Níl feidhm aici maidir le faisnéis a fuarthas lasmuigh dá gcuid oibre, nó faisnéis a thugtar dóibh i gcomhthéacs caidreamh ar ceann pearsanta é seachas ceann gairmiúil. Cé nach n-eascraíonn an oibleagáid dhlíthiúil i dtaobh tuairisciú ach amháin maidir le fostaíocht nó dualgais ghairmiúla, ba chóir do ghairmithe cloí leis an gceanglas atá sa treoir Tús Áite do Leanaí 2017 ó thaobh gach údar réasúnach imní a thuairisciú do Tusla.

## 2.19 Tuairisc faoi shainordú a dhéanamh

Sonraítear in alt 14 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 go gceanglaítear ar dhaoine faoi shainordú tuairisc i scríbhinn a thabhairt do Tusla chomh luath agus is indéanta. Ba chóir tuairisc faoi údar imní a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta ar an bhfoirm thuairiscithe atá leagtha síos lena aghaidh sin. Ba chóir a chur in iúl gur duine faoi shainordú é an duine atá ag déanamh na tuairisce

agus gur údar imní faoi shainordú atá i gceist. Ba chóir do dhaoine faoi shainordú a oiread faisnéise ábhartha agus is féidir a bheith sa tuarascáil ar an údar imní ionas gur fearr is féidir idirghabháil éifeachtach a dhéanamh gan mhoill ar mhaithe leis an leanbh, agus is lú an seans ansin go mbeidh ar an nGníomhaireacht dul i dteagmháil leis an duine a thug tuairisc chun tuilleadh faisnéise a iarraidh. Tá an fhoirm thuairiscithe ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta (www.tusla.ie) agus in Aguisín III.

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ceanglaítear ar Tusla daoine údaraithe a cheapadh chun tuairiscí faoi shainordú a fháil. Is féidir an fhoirm thuairiscithe a chur isteach go leictreonach chuig Tusla trí ríomhphost a chur chuig na daoine údaraithe ag na seoltaí atá ar láithreán gréasáin Tusla. Seolfaidh Tusla admháil fhoirmiúil i leith gach tuairisce faoi shainordú a fhaigheann duine údaraithe de chuid na Gníomhaireachta ar an bhfoirm thuairiscithe, á dheimhniú go bhfuarthas í. Ba chóir do dhaoine faoi shainordú a thabhairt ar aird go mb'fhéidir nach mbeidh Tusla in ann aiseolas a thabhairt ar thoradh an cháis. Mar sin féin, déanfar an fhaisnéis a cuireadh ar fáil a mheas go cúramach mar aon le haon fhaisnéis eile a bhfuil teacht ag Tusla uirthi, agus leanfar ar aghaidh le measúnú um chosaint leanaí má chinntear go bhfuil baol sách mór i gceist. Tá tuilleadh sonraí sa Treoir um Thús Áite do Leanaí faoin gcaoi a ndéileálann Tusla le húdair imní a fhaightear.

Ní cheanglaítear ar dhaoine faoi shainordú an t-údar imní céanna a thuairisciú níos mó ná uair amháin. Mar sin féin, má thagann duine faoi shainordú ar an eolas faoi **aon fhaisnéis bhreise** ba chóir tuairisc eile a dhéanamh. Ina theannta sin, ní cheanglaítear ar dhuine faoi shainordú tuairisc a dhéanamh sa chás inarb é an t-aon bhunús atá leis an eolas nó an tuairim atá aige nó aici nó an t-amhras atá air nó uirthi maidir le díobháil ná a bheith ar an eolas go bhfuil tuairisc tugtha ag duine eile faoi shainordú do Tusla i leith an linbh atá i gceist.

## 2.20 Tuairisciú i gcás éigeandála

I gcás éigeandála, nuair is eol do dhuine faoi shainordú nó má tá forais réasúnacha aige nó aici a bheith in amhras go bhféadfadh leanbh a bheith i mbaol díobháil láithreach agus gur gá é nó í a thabhairt chuig áit shábháilte, ba chóir dul i dteagmháil le Tusla láithreach. Tá sonraí maidir le conas dul i dteagmháil le Tusla, le linn uaireanta oifige agus lasmuigh dóibh, ar láithreán gréasáin Tusla (féach Aguisín III). Má theastaíonn cuidiú láithreach ón leanbh agus nach féidir dul i dteagmháil le Tusla, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí. Sa chás ina ndéantar tuairisc éigeandála, ní mór do dhaoine faoi shainordú tuairisc fhoirmiúil faoi shainordú, agus í i scríbhinn, a chur faoi bhráid Tusla laistigh de thrí lá.

## 2.21 Tuairisciú comhpháirteach

Féadfaidh daoine faoi shainordú tuairisc a thabhairt i gcomhpháirt le haon duine eile, cibé acu atá an duine eile sin faoi shainordú nó nach bhfuil. Mar shampla, d'fhéadfadh sé sin tarlú i gcásanna ina dtugtar leanbh chuig an Aonad Timpistí agus Éigeandála.

## 2.22 An teaghlach a chur ar an eolas go bhfuil tuairisc á déanamh

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ní cheanglaítear ar dhaoine faoi shainordú an teaghlach a chur ar an eolas go bhfuil tuairisc á tabhairt do Tusla faoin reachtaíocht. Tá sé ag teacht leis an dea-chleachtas é sin a dhéanamh, áfach, agus nuair is féidir é cuirfidh na daoine faoi shainordú ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá ag déanamh na tuairisce, nó an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí, in iúl don teaghlach go bhfuil tuairisc á déanamh agus na cúiseanna

atá leis an gcinneadh, mura gcinnfidh an tOifigeach Ainmnithe go gcuirfí an leanbh i mbaol dá bharr sin nó go mbainfí an bonn den imscrúdú. Nuair a bhíonn teaghlach á chur ar an eolas, déantar cúram d'éagsúlacht a aithint agus freagairt agus aird a thabhairt ar aon riachtanais shonracha a thagann chun cinn chun rannpháirtíocht leordhóthanach agus chuí a chinntiú.

Ní gá a chur in iúl don teaghlach go bhfuil tuairisc á tabhairt más rud é go gcuirfear an leanbh i mbaol breise dá bharr sin nó i gcásanna ina bhféadfadh eolas an teaghlaigh ar an tuairisc cur isteach ar an gcumas atá ag Tusla measúnú a dhéanamh. Ina theannta sin, ní gá an teaghlach a chur ar an eolas má tá an duine atá ag déanamh na tuairisce den tuairim réasúnach go mbeadh an duine atá ag tabhairt tuairisce i mbaol díobháil ón teaghlach dá ndéanfaí amhlaidh.

## 2.23 An tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí a chur ar an eolas

Tá Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí freagrach as féachaint chuige go leanfar nósanna imeachta tuairiscithe i gceart agus go pras. Feidhmíonn siad mar dhuine idirchaidrimh le Tusla. Ceanglaítear ar aon duine/daoine faoi shainordú a chur in iúl don Oifigeach/Leas-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí má tá tuairisc faoi shainordú déanta (seolta chuig Tusla) agus cóip den tuairisc a sholáthar. Ba chóir do dhaoine faoi shainordú a bheith eolach ar aon cheanglais den sórt sin agus cloí leo.

Tá oibleagáid reachtúil ar dhaoine faoi shainordú údair imní atá ag teacht leis an tairseach a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, nó a sháraíonn an tairseach sin, a thuairisciú go díreach do Tusla. **Ba chóir do dhaoine faoi shainordú a bheith ar an eolas gur orthu féin atá na hoibleagáidí dlíthiúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 i dtaobh údair imní faoi shainordú a thuairisciú, agus ní ar an Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí.** Mar sin féin, níl aon rud san Acht lena gcuirtear cosc ar dhaoine faoi shainordú tuairisc faoi shainordú a dhéanamh i gcomhpháirt le hOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí ná cóip a sholáthar den tuairisc faoi shainordú a chuir siad faoi bhráid Tusla mar eolas don Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí.

## 2.24 Iarmhairtí mura ndéanann Daoine faoi Shainordú tuairisciú

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ní fhorchuirtear smachtbhannaí coiriúla ar dhaoine faoi shainordú a mhainníonn tuairisc a thabhairt do Tusla. Ba chóir daoine faoi shainordú a bheith ar an eolas, áfach, go bhféadfadh iarmhairtí a bheith ann mura dtabharfar tuairisc (mar a leagtar amach sa Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017). Tá roinnt gníomhartha riaracháin a d'fhéadfadh Tusla a dhéanamh má thagann sé chun solais, tar éis imscrúdaithe, nach ndearna tú tuairisc faoi shainordú agus gur fágadh leanbh i mbaol nó go ndearnadh díobháil dó nó di dá bharr sin.

Féadfaidh Tusla:

- Gearán a dhéanamh leis an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtaidh atá gá comhlacht rialála a bhfuil tú i do bhall de
- A chur in iúl do Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána nár thug tú tuairisc. Mar sin d'fhéadfaí an fhaisnéis sin a nochtadh do na fostóirí atá agat faoi láthair nó d'fhostóirí amach anseo nuair a dhéanfar an chéad ghrinnfhiosrúchán eile ort.

## 2.25 Faisnéis a Chomhroinnt

De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, alt 14(1), faoi réir fho-ailt (3), (4), (5), (6) agus (7), tuairisceoidh an duine faoi shainordú an t-údar imní do Tusla.

Foráiltear le halt 17 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 gur cion ag duine faoi shainordú é faisnéis a nochtadh do thríú páirtí ar faisnéis í a comhroinneadh le Tusla agus measúnú á dhéanamh, mura bhfuil údarú i scríbhinn tugtha ag Tusla don duine faoi shainordú é sin a dhéanamh. Aon duine nach gcomhlíonfaidh an t-alt sin, beidh sé nó sí faoi réir fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

## 2.26 Cosaint ar Dhliteanas Sibhialta

I gcás daoine faoi shainordú a gceanglaítear orthu faisnéis a chomhroinnt le Tusla chun cabhrú le measúnú riosca, tá siad faoi chosaint ó dhliteanas sibhialta. Sonraítear in alt 16 (3) den Acht [*aistriúchán neamhoifigiúil ar an mbunleagan Béarla*]:
Má thugann duine faoi shainordú aon fhaisnéis (tuairisc san áireamh), doiciméad nó rud don Choimisiún, de bhun iarraidh arna déanamh faoi fho-alt (1), ní thiocfaidh as tabhairt na faisnéise sin, an doiciméid sin nó an ruda sin go mbeidh aon dliteanas sibhialta ann i gconradh, i dtort nó ar shlí eile ná ní bheidh an fhaisnéis, an doiciméad nó an rud inghlactha mar fhianaise i gcoinne an duine sin in aon imeachtaí sibhialta nó coiriúla.

Faoi alt 4 den Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998, ní ghearrfar pionós ar aon duine as tuairisc a thabhairt de mheon macánta ar mhí-úsáid leanaí do Tusla nó do na Gardaí. Má gearradh pionós ort, féadfaidh tú gearán a dhéanamh faoin Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998.

## CUID 3: DÉILEÁIL LE hÚDAIR IMNÍ FAOI CHOSAINT AGUS LEAS LEANAÍ A CUIREADH IN IÚL I nDÁIL LE FOSTAÍ NÓ OIBRÍ DEONACH

**3.1** Sa chás ina dtuairiscítear údar imní faoi chosaint agus/nó leas leanaí i leith fostaí nó oibrí deonach (**féach Aguisín VI le haghaidh sainmhínithe**), ní mór an nós imeachta tuairiscithe a leanúint mar a leagtar amach sa chuid roimhe seo. Maidir leis an mball foirne (an duine is údar imní), ní mór don Chomhairle na húdaráis reachtúla a chur ar an eolas, déileáil leo agus iad a bhainistiú, faoi threoir Oifigeach nó Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí na Comhairle mar a leagtar amach faoi *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017*.

**3.2** Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb iad na húdaráis reachtúla atá freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar amhras faoi mhí-úsáid leanaí. Ceanglaítear ar an gComhairle aon bhearta cosantacha riachtanacha a dhéanamh atá comhréireach leis an leibhéal riosca agus bainfidh sí amach cothromaíocht idir a cuid oibleagáidí dá fostaithe agus a cuid oibleagáidí i leith leas leanaí.

**3.3** Nuair a dhéantar líomhain i gcoinne fostaí nó oibrí deonach maidir le Mí-úsáid Leanaí, leanfar an nós imeachta seo a leanas:

(i) Ba chóir an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí a chur ar an eolas faoin líomhain

(ii) Ba chóir don Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí an líomhain a chur in iúl don Stiúrthóir Seirbhísí atá freagrach as Acmhainní Daonna (nó ionadaí an té sin)

(iii) Ba chóir don Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí an Nós Imeachta Caighdeánach maidir le Tuairisciú do Tusla a leanúint

(iv) Déanfaidh an Stiúrthóir Seirbhísí atá freagrach as Acmhainní Daonna nó ionadaí an té sin socrú go gcuirfear an fostaí/an t-oibrí deonach ar an eolas, faoi rún, go bhfuil líomhain déanta ina choinne nó ina coinne, agus inseoidh sé dó nó di cén líomhain a rinneadh. Déanfar nóta den fhreagra a thabharfaidh sé nó sí agus cuirfear an t-eolas sin faoi bhráid Tusla

(v) Ba chóir é a bheith ina phríomhthosaíocht féachaint chuige nach mbeidh aon leanbh i mbaol gan ghá. Déanfaidh an Chomhairle, mar ábhar práinne, aon bhearta cosantacha is gá. Ba chóir na bearta sin a bheith comhréireach leis an leibhéal riosca

(vi) Ba chóir an ghníomhaíocht a dhéanfaidh an rannóg Acmhainní Daonna a bheith faoi threoir ag na nósanna imeachta inmheánacha comhaontaithe i.e., Nósanna Imeachta Casaoide agus Araíonachta na Comhairle, an conradh fostaíochta is infheidhme, agus rialacha an cheartais aiceanta, i gcás inarb iomchuí.

**3.4** Ba chóir don Stiúrthóir Seirbhísí atá freagrach as Acmhainní Daonna an Príomhfheidhmeannach a chur ar an eolas faoin líomhain a luaithe is féidir.

**3.5** D'fhéadfadh sé go ndéanfaí líomhaintí míchearta nó mhailíseacha i gcoinne fostaithe/oibrithe deonacha lena n-áirítear ar bhonn a bhféiniúlachta mar bhall de ghrúpa a bhaineann míbhuntáiste nó

éagothroime leo. Dá bhrí sin, déileálfar go tuisceanach le haon líomhain mhí-úsáide agus tairgfear tacaíocht d'fhostaithe/saorálaithe trí Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe na Comhairle.

## CUID 4: NÓS IMEACHTA I gCÁS SOLÁTHRAÍ/CONRAITHEOIR A SHOLÁTHRAÍONN SEIRBHÍS IOMCHUÍ[2] AGUS ATÁ FOSTAITHE AG AN ÚDARÁS ÁITIÚIL

**4.1** I gcás gach Soláthraí/Conraitheoir a sholáthraíonn 'Seirbhís Iomchuí' agus atá fostaithe ag an údarás áitiúil chun seirbhís a sholáthar, tá sé de fhreagracht air measúnú a dhéanamh ar aon bhaol go ndéanfaí díobháil do leanbh agus an tseirbhís á soláthar (**féach Aguisín VI le haghaidh sainmhínithe**).

**4.2** I gcás gach soláthraí/conraitheoir a sholáthraíonn 'Seirbhís Iomchuí' agus atá fostaithe ag an údarás áitiúil chun acmhainní a sholáthar, tá sé de fhreagracht air a dheimhniú go bhfuil Ráiteas um Chosaint Leanaí i bhfeidhm aige, agus é i scríbhinn, ina sonraítear an tseirbhís atá á soláthar agus ina leagtar amach na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun:

- bainistiú a dhéanamh ar aon riosca a aithnítear maidir le leanaí a chosaint
- imscrúdú a dhéanamh ar líomhain i gcoinne aon bhall foirne faoi aon ghníomh, neamhghníomh nó imthosca i leith leanbh a bhaineann leas as an tseirbhís
- baill foirne atá oiriúnach chun bheith ag obair le leanaí a roghnú agus a earcú
- faisnéis agus oiliúint a chur ar fáil d'fhostaithe ar shaincheisteanna maidir le leanaí a chosaint agus a choinneáil slán
- a chur ar a gcumas d'fhostaithe/oibrithe deonacha, cibé acu duine faoi shainordú nó eile, tuairisc a thabhairt do Tusla de réir an Achta nó de réir aon treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire
- liosta a choinneáil de dhaoine san eagraíocht ar daoine faoi shainordú iad faoin Acht
- duine iomchuí a cheapadh san eagraíocht chun críocha an Achta
- Oiliúint leordhóthanach a chur ar fáil do phearsanra ábhartha, lena n-áirítear pearsanra sainordaithe, ar chosaint agus sábháilteacht leanaí, agus béim ar neamh-idirdhealú agus oiriúnú don éagsúlacht do ghrúpaí a bhfuil éagothroime orthu.
- Cumarsáid a dhéanamh ar an ráiteas i bhformáidí inrochtana agus cuí don fhoireann, do na hoibrithe deonacha agus don phobal.

Ba chóir go soláthrófaí sa Ráiteas um Chosaint Leanaí atá Sonrach don tSeirbhís forbhreathnú ar na bearta atá i bhfeidhm ag an tseirbhís lena chinntiú go bhfuil leanaí faoi chosaint ar dhíobháil.

**4.3** Lorgóidh an Chomhairle dearbhú sínithe (**féach Aguisín VII**) ó sholáthraí/conraitheoir a sholáthraíonn 'Seirbhís Iomchuí', ina ndéanfar an méid seo a leanas a dheimhniú:

- Tá na sonraí a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, sa Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017 agus sa Treoir ó TUSLA léite agus tuigthe acu

- Tá Ráiteas um Chosaint Leanaí ullmhaithe acu atá i bhfeidhm agus ina sonraítear an tseirbhís atá á soláthar agus ina sonraítear na nósanna imeachta atá i bhfeidhm acu, mar a leagtar amach i gcuid 4.2 den doiciméad seo, chun aon rioscaí a mhaolú

[2] Féach an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Aon obair nó aon ghníomhaíocht arb é atá inti gníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó gníomhaíochtaí coirp a sholáthar do leanaí.

- Tá beartais agus nósanna imeachta cuí um chosaint leanaí i bhfeidhm acu, a dhíríonn freisin ar cheisteanna neamh-idirdhealaithe agus oiriúnaithe don éagsúlacht

- Tá measúnú riosca déanta acu i leith sholáthar na seirbhíse/an chonartha agus comhaontaíonn siad cloí leis na treoirlínte ar nósanna imeachta agus cleachtais atá sa Mheasúnú Riosca a rinneadh agus sa Ráiteas um Chosaint Leanaí a ullmhaíodh

- Fuarthas nochtadh grinnfhiosrúcháin de réir an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 maidir le haon fhostaí agus/nó oibrí deonach a dhéanann ‘obair nó gníomhaíochtaí rialta’, i.e., aon obair nó gníomhaíocht a dhéanann duine ar cuid riachtanach, rialta di é, go príomha, rochtain a bheith ag an duine ar leanaí nó daoine soghonta, nó teagmháil a bheith aige nó aici leo.

## CUID 5: NÓS IMEACHTA I gCÁS GRÚPA MAOINITHE/GRÚPA POBAIL I gCOMHTHÉACS SEIRBHÍSÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL

**5.1** I gcás gach Grúpa Maoinithe/Grúpa Pobail a sholáthraíonn 'Seirbhís Iomchuí' thar ceann an Údaráis Áitiúil agus atá fostaithe ag an Údarás Áitiúil nó a fhaigheann cúnamh deontais, tacaíocht, nó cuidiú ón Údarás Áitiúil agus a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí, tá sé de fhreagracht air measúnú a dhéanamh ar aon bhaol go ndéanfaí díobháil do leanbh agus an tseirbhís á soláthar (**féach Aguisín VI le haghaidh sainmhínithe**).

**5.2** I gcás gach Grúpa Maoinithe/Grúpa Pobail a sholáthraíonn 'Seirbhís Iomchuí' thar ceann an Údaráis Áitiúil agus atá fostaithe ag an Údarás Áitiúil nó a fhaigheann cúnamh deontais, tacaíocht, nó cuidiú ón Údarás Áitiúil, tá sé de fhreagracht air a dheimhniú go bhfuil Ráiteas um Chosaint Leanaí i bhfeidhm aige, agus é i scríbhinn, ina sonraítear an tseirbhís atá á soláthar agus ina leagtar amach na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun:

- bainistiú a dhéanamh ar aon riosca a aithnítear maidir le leanaí a chosaint
- imscrúdú a dhéanamh ar líomhain i gcoinne aon bhall foirne faoi aon ghníomh, neamhghníomh nó imthosca i leith leanbh a bhaineann leas as an tseirbhís
- baill foirne atá oiriúnach chun bheith ag obair le leanaí a roghnú agus a earcú
- faisnéis agus oiliúint a chur ar fáil d'fhostaithe ar shaincheisteanna maidir le leanaí a chosaint agus a choinneáil slán
- a chur ar a gcumas d'fhostaithe/oibrithe deonacha, cibé acu duine faoi shainordú nó eile, tuairisc a thabhairt do Tusla de réir an Achta nó de réir aon treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire
- liosta a choinneáil de dhaoine san eagraíocht ar daoine faoi shainordú iad faoin Acht
- duine iomchuí a cheapadh san eagraíocht chun críocha an Achta
- Oiliúint leordhóthanach a chur ar fáil do phearsanra ábhartha, lena n-áirítear pearsanra sainordaithe, ar cheisteanna um chosaint leanaí agus sábháilteacht, agus béim ar neamh-idirdhealú agus oiriúnú don éagsúlacht do ghrúpaí a bhfuil éagothroime orthu.
- Cumarsáid a dhéanamh ar an ráiteas i bhformáidí inrochtana agus cuí don fhoireann, do na hoibrithe deonacha agus don phobal.

Ba chóir go soláthrófaí sa Ráiteas um Chosaint Leanaí atá Sonrach don tSeirbhís forbhreathnú ar na bearta atá i bhfeidhm ag an tseirbhís lena chinntiú go bhfuil leanaí faoi chosaint ar dhíobháil.

**5.3** Lorgóidh an Chomhairle dearbhú sínithe (**féach Aguisín VII**) ó nGrúpa Maoinithe/Grúpa Pobail a sholáthraíonn 'Seirbhís Iomchuí', ina ndéanfar an méid seo a leanas a dheimhniú:

- Tá na sonraí a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, sa Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017 agus sa Treoir ó TUSLA léite agus tuigthe acu

- Tá Ráiteas um Chosaint Leanaí, atá i scríbhinn, ullmhaithe acu atá i bhfeidhm agus ina sonraítear an tseirbhís atá á soláthar agus ina leagtar amach an nós imeachta a leagtar amach **i gcuid 5.2** den doiciméad seo chun aon rioscaí a mhaolú

- Tá beartais agus nósanna imeachta cuí um chosaint leanaí curtha i bhfeidhm acu, a chlúdaíonn ceisteanna neamh-idirdhealaithe agus oiriúnaithe don éagsúlacht chomh maith.

- Tá measúnú riosca déanta acu i leith sholáthar na seirbhíse/an chonartha agus comhaontaíonn siad cloí leis na treoirlínte ar nósanna imeachta agus cleachtais atá sa Mheasúnú Riosca a rinneadh agus sa Ráiteas um Chosaint Leanaí a ullmhaíodh

- Fuarthas nochtadh grinnfhiosrúcháin de réir an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 maidir le haon fhostaí agus/nó oibrí deonach a dhéanann 'obair nó gníomhaíochtaí rialta', i.e., aon obair nó gníomhaíocht a dhéanann duine ar cuid riachtanach, rialta di é, go príomha, rochtain a bheith ag an duine ar leanaí nó daoine soghonta, nó teagmháil a bheith aige nó aici leo.

## AGUISÍN I: CINEÁLACHA MÍ-ÚSÁIDE LEANAÍ AGUS CONAS IS FÉIDIR IAD A AITHINT

Is féidir mí-úsáid leanaí a chur i gceithre phríomhchatagóir: faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid chorpartha agus drochúsáid ghnéasach. Is féidir go ndéanfaí mí-úsáid de chineál amháin nó níos mó ar leanbh ag aon am ar leith. Is féidir le mí-úsáid agus faillí tarlú laistigh den teaghlach, sa phobal nó i suíomh institiúideach. D'fhéadfadh sé gur strainséir nó duine ag a bhfuil aithne ag an leanbh air uirthi an mí-úsáideoir agus d'fhéadfadh sé gur duine fásta nó leanbh eile é nó í. I gcás ina líomhnaítear gur leanbh eile a rinne an mhí-úsáid, ba chóir a mheas gur saincheist leasa agus cosanta leanaí í i ndáil leis an mbeirt leanaí agus ba chóir cloí leis na nósanna imeachta um chosaint leanaí i leith an íospartaigh agus an té a líomhnaítear a rinne an mhí-úsáid.

Is é an toisc thábhachtach lena chinneadh an bhfuil mí-úsáid nó faillí i gceist le hiompar ná tionchar an iompair sin ar an leanbh seachas an rud a bhí ar intinn ag an tuismitheoir nó ag an gcaomhnóir.

In *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017*, ciallaíonn 'leanbh' duine faoi bhun 18 mbliana d'aois, gan duine atá pósta nó a bhí pósta san áireamh.

Ní sainmhínithe dlíthiúla iad na sainmhínithe ar fhaillí agus ar mhí-úsáid a chuirtear i láthair sa chuid seo. Tá sé mar aidhm leo cur síos a dhéanamh ar shlite ina bhféadfadh leanbh mí-úsáid a fhulaingt agus conas is féidir an mhí-úsáid sin a aithint.

### Faillí

Tá faillí a dhéanamh i leanaí ar an gcineál mí-úsáide is minice a tharlaíonn, in Éirinn agus i dtíortha eile. Aithnítear go ndéanann faillí ainsealach leanúnach an-dochar go deo d'fhorbairt agus d'fholláine an linbh agus go d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith ann san fhadtréimhse dá barr.

Tarlaíonn faillí nuair nach dtugtar dóthain aire do leanbh nó nuair nach ndéantar dóthain maoirseachta air nó uirthi sa mhéid go ndéantar dochar do cholainn nó d'fhorbairt an linbh. Is é an sainmhíniú a thugtar ar fhaillí i gcoitinne ná easpa cúraim, áit a bhfuil dochar á dhéanamh do shláinte, forbairt nó leas linbh de bharr easpa bia, éadaí, teasa, sláinteachais, cúram leighis, spreagadh intleachtúil, maoirseachta agus sábháilteachta. D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag an leanbh freisin ó thaobh ceangal a chothú le daoine eile má dhéantar faillí sna mothúcháin. Ar na tosca atá i gceist leis sin tá méid an tionchair dhearfaigh, más ann dó, atá á imirt ar shaol an linbh, chomh maith le haois an linbh agus a mhinice a dhéantar faillí ann nó inti.

Tá ceangal idir faillí agus bochtaineacht, ach ní gá gurb í an bhochtaineacht is cúis léi. Tá ceangal láidir idir í agus mí-úsáid substaintí i measc tuismitheoirí, foréigean teaghlaigh agus meabhairghalar a bheith ar thuismitheoir nó tuismitheoir a bheith faoi mhíchumas.

D'fhéadfadh faillí, lena n-áirítear faillí thromchúiseach, a bheith le feiceáil láithreach bonn, gan a bheith ag plé leis an leanbh ach aon uair amháin. Sampla is ea leanbh nach bhfuil dóthain meáchain ar chor ar bith ann nó inti (gan riocht sláinte a bheith air nó uirthi) agus a fhaigheann ionfhabhtú

gruaige agus craicinn arís agus arís de bharr drochshláinteachais. Ní neamart amháin a dhéanann tuismitheoir is cúis leis an bhfaillí sin.

I gcás cineálacha eile faillí, b'fhéidir gur le himeacht ama a bheidís le feiceáil nuair a thagann patrún chun solais. Mar shampla, má bhaintear gortuithe beaga do leanbh arís is arís, b’fhéidir nach bhfuiltear ag tabhairt aire dó nó di ná ag coinneáil súil air nó uirthi mar ba chóir. Má fhanann leanbh sa bhaile ón scoil arís is arís, d’fhéadfadh sé go mbeadh spreagadh intleachtúil in easnamh air nó uirthi nó nach bhfuil maoirseacht imleor á déanamh air nó uirthi.

Bheadh údar réasúnach imní ann faoi leas an linbh i gcás ina mbíonn an fhaillí ina gnáthghné den chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an cúramóir.

Is iad seo a leanas roinnt gnéithe a bhaineann le faillí a dhéantar i leanaí:

- Leanaí a bheith á bhfágáil ina n-aonar gan dóthain aire ná maoirseachta
- Míchothú, easpa bia, bia mí-oiriúnach, nó beathú neamhrialta
- Gan forás ar chúis neamhorgánach, i.e. gan meáchan a bheith á chur suas ag leanbh, ní hamháin de bharr míchothaithe ach de bharr díothacht mothúcháin freisin
- Gan freastal a dhóthain ar riachtanais leighis agus forbartha an linbh, lena n-áirítear spreagadh intleachtúil
- Dálaí maireachtála nach bhfuil sách maith – dálaí míshláintiúla, fadhbanna timpeallachta, lena n-áirítear easpa teasa agus easpa troscán cuí
- Easpa éadaí cuí
- Gan aird a bheith á tabhairt ar shláinteachas bunúsach
- Easpa cosanta agus nochtadh don chontúirt, lena n-áirítear baol morálta, nó easpa maoirseachta a oireann d’aois an linbh
- A bheith seasta as láthair ón scoil
- Tréigean nó fágáil.

## Mí-úsáid mhothúchánach

Is ionann an mhí-úsáid mhothúchánach agus drochíde chórasach mhothúchánach nó shíceolaíoch a thabhairt do leanbh mar chuid den chaidreamh iomlán idir cúramóir agus leanbh. Ní mar mhí-úsáid mhothúchánach a chaitear le deacrachtaí aonuaire agus deacrachtaí nach dtarlaíonn ach go hannamh idir tuismitheoir nó cúramóir agus leanbh. Tarlaíonn mí-úsáid nuair nach bhfreastalaítear ar riachtanais bhunúsacha an linbh maidir le haird, cion, dearbhú, comhsheasmhacht agus slándáil, mar gheall ar éagumas nó neamhshuim i gcás tuismitheora nó cúramóra. Is féidir le mí-úsáid mhothúchánach tarlú freisin nuair nach mbíonn daoine fásta atá freagrach as aire a thabhairt do leanaí ar an eolas faoi riachtanais mhothúchánacha agus forbartha a gcuid leanaí agus nach bhfuil siad in ann (ar chúiseanna éagsúla) freastal ar na riachtanais sin. Ní furasta mí-úsáid mhothúchánach a aithint mar nach mbíonn a héifeachtaí le feiceáil go héasca.

Bheadh údar réasúnach imní ann faoi leas an linbh i gcás ina mbíonn an fhaillí ina gnáthghné den chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an cúramóir.

Is féidir mí-úsáid mhothúchánach a fheiceáil ar roinnt de na bealaí seo a leanas:

- Eiteachas
- Easpa sóláis agus grá

- Easpa ceangail
- Easpa spreagadh ceart (spraoi agus súgradh, mar shampla)
- Easpa leanúnachais ó thaobh cúraim de (bogadh ó áit go háit go minic, mar shampla, go háirithe gan phleanáil)
- Easpa leanúnach ó thaobh leanbh a mholadh agus a spreagadh
- Cáineadh, searbhas nó naimhdeas leanúnach agus milleán a bheith á chur ar an leanbh arís is arís
- Bulaíocht
- Coinníollacha a bheith ag gabháil leis an tuismitheoireacht – cúram an linbh nó an cion air nó uirthi a bheith ag brath ar iompar nó gníomhartha an linbh
- Róchosantacht mhíchuibheasach
- Pionós míchuí neamhchorpartha (leanbh a chur faoi ghlas sa seomra leapa, mar shampla)
- Aighneas leanúnach sa teaghlach agus foréigean teaghlaigh
- A bheith ag súil leis an iomarca i bhfad ón leanbh agus aois agus céim forbartha an linbh san áireamh

D'fhéadfadh sé nach mbeadh aon chomharthaí corpartha den mhí-úsáid mhothúchánach le sonrú mura rud é gur in éineacht le cineál eile mí-úsáide a tharlaíonn sí. D'fhéadfadh leanbh mí-úsáid mhothúchánach a léiriú trí ghníomhartha nó trí na mothúcháin ar bhealaí éagsúla. Ina measc siúd tá taobhú éadaingean, duairceas, lagmheas air nó uirthi féin, tearcghnóthachtáil ó thaobh an oideachais agus na forbartha de, dul sa seans agus iompar ionsaitheach.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon táscaire amháin ina fhianaise dhochloíte ar mhí-úsáid mhothúchánach. Is mó an seans go mbeidh drochthionchar ag mí-úsáid mhothúchánach ar leanbh má bhíonn an mhí-úsáid sin ag leanúint ar aghaidh thar thréimhse ama agus nuair nach mbíonn tosca cosanta eile i gceist.

## Mí-úsáid chorpartha

Is mí-úsáid chorpartha atá ann nuair a ghortaíonn duine leanbh d'aon ghnó nó nuair a chuireann sé nó sí an leanbh i mbaol gortaithe. D'fhéadfadh sé gur eachtra amháin atá i gceist nó roinnt eachtraí i ndiaidh a chéile. Bíonn údar réasúnach imní ann i gcás ina ndéantar dochar do shláinte agus/nó d'fhorbairt an linbh mar thoradh ar mhí-úsáid chorpartha a cheaptar a tharla.

Is féidir na nithe seo a leanas a áireamh le mí-úsáid chorpartha:

- Pionós corpartha
- Greadadh, buille boise, bualadh nó ciceáil
- Brú, croitheadh, nó caitheamh
- Baint liomóg, baint plaice, tachtadh nó tarraingt gruaige
- Neart iomarcach a úsáid agus an leanbh á láimhseáil
- Nimh a thabhairt do dhuine d'aon ghnó
- Plúchadh
- Breoiteacht chumtha/spreagtha
- Ciorrú ball giniúna ban.

Áirítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 foráil lena gcuirtear ar ceal cosaint an dlí choitinn in imeachtaí cúirte ó thaobh smachtú réasúnach. Roimhe sin, d'fhéadfadh tuismitheoir nó duine eile a

raibh leanbh faoina smacht dul i muinín na cosanta sin dá mbeadh leanbh á smachtú go corpartha aige nó aici. Mar gheall ar an athrú sin ar an reachtaíocht, is amhlaidh anois, in ionchúisimh a bhaineann le hionsaí nó drochíde chorpartha, nach féidir le duine a thugann an pionós sin do leanbh brath ar chosaint an smachtaithe réasúnaigh sna himeachtaí dlí. Mar sin, tá feidhm ag na cosaintí dlí a bhaineann le hionsaí ar leanbh anois ar an gcaoi chéanna a bhfuil feidhm acu i gcás duine fásta. Ní dhearnadh aon athrú ar na ceanglais tuairiscithe maidir le pionós corpartha.

## Drochúsáid ghnéasach

Tarlaíonn drochúsáid ghnéasach nuair a úsáideann duine eile leanbh chun sásamh nó spreagadh a thabhairt dó nó di féin, nó do dhaoine eile. Áirítear léi baint a bheith ag an leanbh le gníomhartha gnéis (glacaireacht, muirniú, gnéas béil nó treá) nó nochtadh an linbh do ghníomhaíocht ghnéasach ar bhonn díreach nó tríd an bpornagrafaíocht.

Is féidir le raon leathan gníomhaíochtaí drochúsáide a bheith i gceist le drochúsáid ghnéasach a thabhairt do leanaí. Is annamh nach mbíonn i gceist léi ach eachtra amháin agus, i gcásanna áirithe, tarlaíonn an drochúsáid thar roinnt blianta. Is iondúil gur laistigh den teaghlach a tharlaíonn drochúsáid ghnéasach, lena n-áirítear deartháireacha agus deirfiúracha níos sine agus daoine muinteartha.

Is minic a thagann cásanna drochúsáide gnéasaí chun solais nuair a nochtann an leanbh féin iad, nó deartháir nó deirfiúr nó cara leis nó léi, nuair a bhíonn amhras ar dhuine fásta faoi rud atá ag tarlú nó de bharr a lorg a bheith le feiceáil ar cholainn an linbh.

Is é an Garda Síochána a phléifidh le gnéithe coiriúla ar bith de chás drochúsáide faoin reachtaíocht ábhartha maidir le ceartas coiriúil. Breithneofar ionchúiseamh maidir le cion gnéasach i gcoinne linbh laistigh de chuspóir foriomlán leas agus chosaint an linbh. Is í sábháilteacht an linbh a bhíonn in uachtar, agus níor cheart sábháilteacht linbh a bheith i mbaol ag tráth ar bith mar gheall ar imní faoi shláine imscrúdaithe choiriúil.

Maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí, ba chóir a thabhairt faoi deara, chun críocha an dlí choiriúil, gurb é 17 mbliana an aois toilithe le caidreamh collaí i gcás buachaillí agus cailíní araon. Is mídhleathach é caidreamh collaí ar bith ina mbíonn páirtí amháin nó an bheirt pháirtithe faoi 17 mbliana d’aois. B’fhéidir áfach nach mar dhrochúsáid ghnéasach a thabhairt do leanbh a chaithfí leis sa chás sin.

## Bulaíocht

Aithnítear go mbíonn tionchar ag an mbulaíocht ar níos mó agus níos mó leanaí agus go bhféadfadh sí a bheith ina húdar mór imní faoi leas linbh.

Sainmhínítear ‘bulaíocht’ mar ionsaí arís agus arís eile – íde béil, ionsaí síceolaíoch nó ionsaí corpartha – a dhéanann duine aonair nó grúpa daoine ar dhaoine eile. Is iompar í a bhíonn ciapach, cráiteach, bagrach agus a fhios sin ag an té atá i mbun bulaíochta. Tarlaíonn sí den chuid is mó i measc leanaí i dtimpeallachtaí sóisialta ar nós scoileanna. Áirítear léi nósanna iompair amhail ionsaí, cibearbhulaíocht, damáiste do mhaoin, imeaglú, leithlisiú/eisiamh, glaoch ainmneacha, cúlchaint mhailíseach agus sracaireacht. Chomh maith leis sin, is féidir leis an mbulaíocht a bheith i bhfoirm mí-úsáid atá bunaithe ar fhéiniúlacht inscne, rogha ghnéasach, cine, eitneachas agus tosca a bhaineann

le reiligiún. Leis na forbairtí atá tagtha ar theicneolaíocht an lae inniu, is féidir bulaíocht a dhéanamh ar leanaí gan aon teagmháil chorpartha leo a bheith i gceist, trí fhóin phóca, tríd an idirlíon agus trí ghléasanna pearsanta eile.

Cé gur féidir le bulaíocht tarlú d'aon leanbh, d'fhéadfadh sé go mbeadh leanaí áirithe níos leochailí ná a chéile, amhail leanaí faoi mhíchumas nó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, iad siúd a bhaineann le mionlaigh eitneacha agus grúpaí imirceacha, leanaí de chuid an Lucht Taistil, leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (LADT) agus iad siúd a bhraitear gur daoine LADT iad, agus leanaí a bhfuil creideamh reiligiúnach mionlaigh acu.

D'fhéadfadh sé gur mó i mbaol bulaíochta a bheadh leanaí má tá riachtanais speisialta oideachais acu agus go háirithe mura dtuigeann siad leideanna sóisialta agus/nó má tá deacrachtaí cumarsáide acu. I gcás leanaí áirithe a bhfuil riachtanais chasta acu, d'fhéadfadh sé nach mbíonn tuiscint iomlán acu ar ghnéithe sóisialta agus go mbíonn an claonadh iontu muinín a bheith acu as gach duine dá bharr sin. D'fhéadfadh na leanaí sin a bheith níos leochailí ná leanaí eile toisc nach bhfuil na scileanna ná an cumas sóisialta céanna acu agus atá ag daoine eile chun bulaíocht a aithint agus iad féin a chosaint uirthi.

Is fadhb í an bhulaíocht sna scoileanna go háirithe toisc go gcaitheann leanaí cuid mhaith ama ar scoil agus gur i ngrúpaí sóisialta móra a bhíonn siad. Ar an gcéad dul síos, is iad údaráis na scoile atá freagrach as déileáil le bulaíocht dá leithéid. Ceanglaítear ar bhoird bainistíochta scoile cód iompair agus beartas frithbhulaíochta a bheith i bhfeidhm acu. Ba chóir do bhaill foirne na scoile a bheith ar an eolas faoi bheartas frithbhulaíochta na scoile agus faoi na treoirlínte ábhartha maidir le nós imeachta.

I gcásanna tromchúiseacha bulaíochta ina meastar go bhféadfadh sé go bhfuil mí-úsáid i gceist leis an iompar, nó má tá sláinte, forbairt nó leas linbh i mbaol mór, d'fhéadfadh sé gur gá an cás a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus/nó an Gharda Síochána.

# AGUISÍN II: FOIRM THUAIRISCITHE UM CHOSAINT LEANAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE D'FHOSTAITHE

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

## Foirm Thuairiscithe um Chosaint Leanaí

Faoi rún

Sula ndéantar cás a atreorú, ní mór an t-údar imní a phlé ar an teileafón nó go pearsanta leis an Oifigeach Idirchaidrimh um Chosaint Leanaí (Oibrí Sóisialta Sinsearach, Tithíocht) nó leis an Leas-Oifigeach um Chosaint Leanaí (Oibrí Sóisialta, Tithíocht). Tar éis plé a dhéanamh, is féidir an fhoirm thuairiscithe a chlóscríobh agus a cheangal le ríomhphost agus a sheoladh chuig an Oifigeach Idirchaidrimh um Chosaint Leanaí.

| **Ainm an Linbh:** | |
|---|---|
| Sonraí an Teaghlaigh: | |
| Sonraí teagmhála: | |
| Seoladh: | |
| Stádas (e.g. Tionónta/Custaiméir): | |
| Uimhir Thagartha Thithíochta: | |

| **Sonraí an Údair Imní:**<br>*Tabhair sonraí faoi na húdair imní/líomhaintí, dátaí/amanna, faisnéis faoin teaghlach srl.* |
|---|
| |

**Gníomhaireachtaí/seirbhísí eile a bhfuil baint acu leis an gcliant/teaghlach**
Le haghaidh e.g. Dochtúir Teaghlaigh, Altra Sláinte Poiblí etc. Cuir rónna breise leis más gá


| Ainm na Gníomhaireachta | Teagmhálaí agus Ról | Sonraí Teagmhála |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

| **Ainm an Tuairisceora:** | |
|---|---|
| Sonraí teagmhála (Teileafón agus Ríomhphost): | |
| Dáta: | |

| *Nóta: D'fhéadfadh sé go mbeidh tuilleadh eolais agus sonraí breise á lorg ón tuairisceoir* |
|---|
| |


## AGUISÍN III: SONRAÍ TEAGMHÁLA AGUS TUAIRISCITHE TUSLA

Ar Thairseach Gréasáin Tusla, is féidir údair imní faoi chosaint agus leas leanaí a chur faoi bhráid Tusla ar bhealach slán ag www.tusla.ie/children-first/report-a-concern/ (íomhánna thíos ó láithreán gréasáin Tusla.




Rogha eile is ea údar imní a thuairisciú ag an oifig, ar an teileafón nó i scríbhinn chuig seirbhís oibre sóisialta Tusla sa cheantar ina bhfuil cónaí ar an leanbh. Is féidir teacht ar Fhoirmeacha um Chosaint agus Leas Leanaí ag https://www.tusla.ie/services/child-protection-welfare/publications-and-forms/ agus ba chóir iad a chur isteach ar an bpost cláraithe.

**Sonraí Teagmhála Sheirbhís Oibre Sóisialta TUSLA i nGaillimh** www.tusla.ie/get-in-touch/duty-social-work-teams/



## AGUISÍN IV: SCEIDEAL na nDAOINE FAOI SHAINORDÚ

Sonraítear i Sceideal 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 na haicmí daoine seo a leanas mar Dhaoine faoi Shainordú chun críocha an Achta:

**1.** Lia-chleachtóir cláraithe de réir bhrí alt 2 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.

**2.** Banaltra chláraithe nó cnáimhseach chláraithe de réir bhrí alt 2(1) d'Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011.

**3.** Fisiteiripeoir atá cláraithe ar chlár comhaltaí na gairme sin.

**4.** Teiripeoir urlabhra agus teanga atá cláraithe ar chlár comhaltaí na gairme sin.

**5.** Teiripeoir saothair atá cláraithe ar chlár comhaltaí na gairme sin.

**6.** Fiaclóir cláraithe de réir bhrí alt 2 d'Acht na bhFiaclóirí, 1985.

**7.** Síceolaí a chleachtann an ghairm sin agus atá incháilithe le haghaidh clárúchán ar chlár comhaltaí na gairme sin (más ann dá leithéid).

**8.** Oibrí cúraim shóisialta a chleachtann an ghairm sin agus atá incháilithe le haghaidh clárúcháin de réir Chuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 i gclár na gairme sin.

**9.** Oibrí Sóisialta a chleachtann an ghairm sin agus atá incháilithe le haghaidh clárúcháin de réir Chuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 i gclár na gairme sin (más ann dá leithéid).

**10.** Teicneoir éigeandála leighis, paraimhíochaineoir agus ard-pharaimhíochaineoir atá cláraithe leis an gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil faoin Ordú fán gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (Bunú), 2000 (I.R. Uimh. 109 de 2000).

**11.** Oifigeach promhaidh de réir bhrí alt 1 den Acht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983.

**12.** Múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

**13.** Duine den Gharda Síochána.

**14.** Caomhnóir *ad litem* atá ceaptha de réir alt 26 den Acht um Chúram Leanaí, 1991.

**15.** Duine atá fostaithe i gcáil ar bith acu seo a leanas:
- (a) An té a bhainistíonn foscadh foréigin teaghlaigh
- (b) An té a bhainistíonn áis soláthair do dhaoine gan dídean nó áis cóiríochta éigeandála
- (c) An té a bhainistíonn ionad cóiríochta d'iarrthóirí tearmainn (soláthar díreach)

(d) Comhairleoir andúile atá fostaithe ag comhlacht atá maoinithe, go hiomlán nó go páirteach, as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas
(e) Síciteiripeoir nó duine a sholáthraíonn comhairleoireacht atá cláraithe le ceann de na comhlachtaí gairmiúla deonacha
(f) An té a bhainistíonn scoil teanga nó scoil áineasa eile ina mbíonn leanaí ina gcónaí as baile
(g) Ball den chléir (cibé cuma a dtuairiscítear é) nó oibrí tréadchúraim (cibé cuma a dtuairiscítear é) de chuid eaglais nó pobal reiligiúnach eile
(h) Stiúrthóir aon fhorais ina bhfuil leanbh á choinneáil faoi ordú cúirte
(i) Oifigeach um chumhdach leanaí, oifigeach um chosaint leanaí nó duine eile (cibé cuma a dtuairiscítear é) atá fostaithe chun feidhm leasa agus cosanta leanaí a chomhlíonadh do chomhlachtaí agus eagraíochtaí reiligiúnacha, spóirt, áineasa, cultúrtha, oideachais agus eile a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí.
(j) Ball foirne cúram leanaí atá fostaithe i seirbhís réamhscoile de réir bhrí Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991
(k) Duine atá freagrach as cúram nó as bainistiú seirbhíse oibre don aos óg de réir bhrí alt 2 den Acht um Obair don Aos Óg, 2001.

**16.** Oibrí óige—
(a) ag a bhfuil cáilíocht ghairmiúil a aithníonn Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann san obair óige de réir bhrí alt 3 den Acht um Obair don Aos Óg, 2001, nó i réimse gaolmhar, agus
(b) atá fostaithe le seirbhís oibre don aos óg de réir bhrí alt 2 den Acht um Obair don Aos Óg, 2001.

**17.** Cúramóir altrama atá cláraithe leis an nGníomhaireacht.

**18.** Duine a bhfuil seirbhís réamhscoile á reáchtáil aige nó aici de réir bhrí Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991.

## AGUISÍN V: SEIRBHÍSÍ ÁBHARTHA (SCEIDEAL 1 DEN ACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ, 2015)

*[aistriúchán neamhoifigiúil ar an mbunleagan Béarla]*

**1.** Aon obair nó gníomhaíocht a dhéanann duine ar cuid riachtanach, rialta di é, go príomha, rochtain a bheith ag an duine ar leanaí, nó teagmháil a bheith aige nó aici leo, ar leanaí iad atá—

(a) i mbunaíocht a sholáthraíonn seirbhísí luathbhlianta de réir bhrí Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991,

(b) i scoil nó lárionad oideachais, an dá cheann de réir bhrí an Achta Oideachais, 1998,

(c) in aon ospidéal, ospís, ionad cúraim sláinte nó ionad eile a dhéanann freastal ar leanaí, a chuireann cóireáil ar leanaí nó a sholáthraíonn seirbhísí sláinte coirp nó meabhairshláinte do leanaí ar shlí eile,

(d) lárionad ainmnithe de réir bhrí alt 2 den Acht Sláinte, 2007, a mhéid a bhaineann sé le foras ag a soláthraítear seirbhísí cónaithe de réir an Achta um Chúram Leanaí, 1991 nó do leanaí faoi mhíchumas i ndáil leis an míchumas atá orthu,

(e) aonad cúraim speisialta a sholáthraítear agus a choinnítear ar bun de réir alt 23K den Acht um Chúram Leanaí, 1991,

(f) scoil coinneála leanaí de réir bhrí alt 3 d'Acht na Leanaí, 2001,

(g) ionad fáiltithe nó cóiríochta a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta cónaithe d'iarratasóirí ar thearmann faoi chonradh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina bhféadfar cóiríocht a thabhairt do leanaí, nó

(h) ionad a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta cónaithe d'íospartaigh foréigin teaghlaigh inar féidir cóiríocht a thabhairt do leanaí.

**2.** Aon obair nó gníomhaíocht arb é atá inti cigireacht ar sheirbhís a sholáthraítear do leanbh faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, faoin Acht Oideachais, 1998, faoi Acht na Leanaí, 2001 nó faoin Acht Sláinte, 2007.

**3.** Aon obair nó gníomhaíocht arb é atá inti cigireacht, scrúdú nó imscrúdú a dhéanann Oifig an Ombudsman do Leanaí faoin Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002.

**4.** Aon obair nó gníomhaíocht arb é atá inti cóireáil (lena n-áirítear measúnú a bhféadfadh cóireáil a bheith mar thoradh air), teiripe nó comhairleoireacht a sholáthraítear do leanbh.

**5.** Aon obair nó gníomhaíocht arb é atá inti ceann de na nithe seo a leanas a sholáthar—

(a) gníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó gníomhaíochtaí coirp do leanaí,

(b) cúram nó maoirsiú leanaí, nó

(c) comhairliúchán foirmiúil le leanbh, nó rannpháirtíocht fhoirmiúil linbh i leith nithe a dhéanann difear dá shaol nó dá saol, cibé acu ar chomaoin tráchtála nó eile.

**6.** Aon obair nó gníomhaíocht arb é atá inti seirbhísí comhairle nó treorach a sholáthar (lena n-áirítear trí chumarsáid leictreonach idirghníomhach), ar cuid riachtanach, rialta di é, go príomha, rochtain a bheith ag an duine ar leanaí nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanaí.

**7.** Aon obair nó gníomhaíocht i gcáil mhinistir nó sagairt nó aon duine eile a bhíonn ag gabháil d’aon chreideamh reiligiúnach a chur chun cinn, a d’fhágfadh go mbeadh teagmháil ag an ministir, an sagart nó an duine eile sin, de réir mar a bheidh, le leanbh, nó go bhféadfadh teagmháil a bheith aige nó aici le leanbh.

**8.** Aon obair nó gníomhaíocht mar thiománaí, nó mar chúntóir don tiománaí, nó mar stiúrthóir, nó mar mhaoirseoir ar leanaí a úsáideann feithicil atá á fruiliú nó á húsáid chun leanaí nach bhfuil tuismitheoir ná caomhnóir leo a iompar, agus chun na críche sin amháin.

**9.** Aon obair nó gníomhaíocht a dhéanann duine den Gharda Síochána, ar cuid riachtanach, rialta di é, go príomha, rochtain a bheith ag an duine ar leanaí, nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanaí.

# AGUISÍN VI: SAINMHÍNITHE

## Leanbh

Duine nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, gan duine atá pósta nó a bhí pósta a áireamh (An tAcht um Chúram Leanaí, 1991).

*Cosaint Leanaí*
*Áiritheoidh soláthraí seirbhíse iomchuí, a mhéid is indéanta, go mbeidh gach leanbh a bhaineann leas as an tseirbhís ón soláthraí slán ó dhíobháil agus é nó í ag baint leas as an tseirbhís sin.*

## Fostaí

Aon duine a bhíonn ag obair d'údarás áitiúil faoi chonradh fostaíochta. D'fhéadfadh sé gur conradh sainráite nó conradh intuigthe atá i gceist, ó bhéal nó i scríbhinn. Féadfaidh fostaí a bheith fostaithe go lánaimseartha nó go páirtaimseartha nó go sealadach.
*(How to Develop & Implement a Safety & Health Management System: Local Government Sector Guidance Document LGMA 2007)* ***'Contract of Employment'*** [aistrithe ón mbunleagan Béarla]:
Is éard is conradh fostaíochta ann conradh seirbhíse nó conradh printíseachta, nó aon chonradh eile trína gcomhaontaíonn pearsa aonair le duine eile, a bhfuil gnó gníomhaireachta fostaíochta de réir bhrí an Achta um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971, á sheoladh aige nó aici agus atá ag gníomhú i gcúrsa an ghnó sin, aon obair nó seirbhís a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta do thríú duine (bíodh nó ná bíodh an tríú duine ina pháirtí nó ina páirtí sa chonradh), cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, más conradh sainráite é, cibé acu is conradh ó bhéal nó conradh i scríbhinn é.

## Duine faoi Shainordú

Ciallaíonn 'Duine faoi Shainordú' duine a shonraítear i Sceideal 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. **Tá liosta iomlán in Aguisín IV.**

D'fhéadfaí a áireamh le Fostaithe Iomchuí:

(a) Oibrí Cúraim Shóisialta a chleachtann an ghairm sin agus atá incháilithe le haghaidh clárúcháin de réir Chuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 i gclár na gairme sin.

(b) Oibrí Sóisialta a chleachtann an ghairm sin agus atá incháilithe le haghaidh clárúcháin de réir Chuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 i gclár na gairme sin, más ann dá leithéid.

(c) Oibrí Óige—

(i) ag a bhfuil cáilíocht ghairmiúil a aithníonn Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann san obair óige de réir bhrí alt 3 den Acht um Obair don Aos Óg, 2001, nó i réimse gaolmhar, agus

(ii) atá fostaithe le Seirbhís Oibre don Aos Óg de réir bhrí alt 2 den Acht um Obair don Aos Óg, 2001.

## Soláthraí

Ciallaíonn 'soláthraí', i ndáil le seirbhís iomchuí, duine

(a) ar leis nó léi an tseirbhís, a rialaíonn nó a bhainistíonn an tseirbhís, nó atá freagrach ar shlí eile as an tseirbhís sin a rith, agus,

(b) maidir le seirbhís iomchuí den sórt sin a sholáthar –

(i) a fhostaíonn (cibé acu faoi chonradh fostaíochta nó eile) duine amháin eile nó níos mó ná duine amháin eile chun tabhairt faoi aon obair nó gníomhaíocht ar seirbhís iomchuí í,

(ii) a dhéanann conradh le haghaidh seirbhísí le duine amháin eile nó níos mó ná duine amháin eile ionas go soláthróidh an duine seirbhís iomchuí, nó

(iii) a cheadaíonn do dhuine amháin eile nó do níos mó ná duine amháin eile (cibé acu ar chomaoin tráchtála nó eile agus cibé acu mar chuid de chúrsa oideachais nó oiliúna, lena n-áirítear scéim intéirneachta, nó eile) tabhairt faoi aon obair nó gníomhaíocht, thar ceann an duine, ar seirbhís iomchuí í.

## ‘Seirbhís Iomchuí’ mar a shainmhínítear í san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Aon obair nó aon ghníomhaíocht arb é atá inti gníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó gníomhaíochtaí coirp a sholáthar do leanaí (Aguisín V)

## Conraitheoir

Ciallaíonn ‘conraitheoir’ duine nó daoine nach fostaí díreach é, í nó iad agus a sholáthraíonn ‘seirbhís iomchuí’ thar ceann an údaráis áitiúil. D’fhéadfadh sé gur fostóir nó duine féinfhostaithe é nó í an conraitheoir. Is féidir gur seirbhís aonuaire a sholáthraítear nó go bhfuil seirbhís á soláthar ar bhonn fadtéarmach.

## Údar Imní

Sainmhínítear ‘údar imní’ i gcomhthéacs an bheartais seo mar eolas nó amhras go bhfuil leanbh i mbaol, gur tugadh mí-úsáid nó drochúsáid dó nó di nó go ndearnadh faillí ann nó inti. Ba chóir fianaise nó táscairí mí-úsáide, drochúsaide agus/nó faillí a bheith ina dtaca ag údair imní den sórt sin.

## Oibrí Deonach

Aon ghníomhaíocht a bhaineann le ham a chaitheamh, gan phá, ag déanamh rud éigin lena bhféachtar le dul chun tairbhe an chomhshaoil nó duine éigin (daoine aonair nó grúpaí) seachas, nó sa bhreis ar, garghaolta. Cuid lárnach den sainmhíniú seo is ea é gur gá gur dá rogha féin a dhéanann gach duine obair dheonach. Féadfar a áireamh leis sin gníomhaíocht fhoirmiúil a dhéantar trí eagraíochtaí poiblí, eagraíochtaí príobháideacha agus eagraíochta deonacha chomh maith le rannpháirtíocht neamhfhoirmiúil sa phobal.
(*Volunteering UK*, aistrithe ón mbunleagan Béarla).

## Grúpaí Maoinithe/Grúpaí Pobail

Ciallaíonn Grúpaí Maoinithe/Grúpaí Pobail i gcomhthéacs seirbhís de chuid údaráis áitiúil:

(a) Duine nó grúpa daoine a chuireann seirbhís ar fáil d’údarás áitiúil le toiliú an údaráis áitiúil sin. Féadfaidh an tÚdarás Áitiúil ábhar, maoiniú trealaimh agus seirbhísí a fhostaithe a sholáthar do dhuine nó do ghrúpa ag a mbíonn na seirbhísí sin á soláthar.

(b) Duine nó grúpa daoine a dhéanann tionscnamh/gníomhaíocht phobail a fhaigheann cúnamh deontais nó tacaíocht nó cúnamh eile ón údarás áitiúil.

## Éagsúlacht

Cuimsíonn éagsúlacht, mar a dhéantar cur síos air sa bheartas seo, na grúpaí aitheanta do Dhualgas Comhionannais na hEarnála Poiblí agus do Chearta an Duine, daoine atá clúdaithe ag na forais seo a

leanas: inscne (lena n-áirítear léiriú inscne, féiniúlacht inscne agus tréithe gnéis); stádas sibhialta; stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu); aois; míchumas (lena n-áirítear míchumas soghluaisteachta, céadfach agus intleachtúil, saincheisteanna meabhairshláinte, agus tinneas ainsealach; claonadh gnéasach; cine (lena n-áiritear dath craicinn, náisiúntacht agus bunús eitneach); reiligiún (aon chreideamh reiligiúnach nó gan aon chreideamh reiligiúnach); ballraíocht de phobal an Lucht Siúil; agus míbhuntáistí stádas socheacnamaíoch.

## AGUISÍN VII: TEIMPLÉAD CCG: DEARBHÚ ATÁ LE SÍNIÚ AG SOLÁTHRAÍ/CONRAITHEOIR NÓ GRÚPA MAOINITHE/GRÚPA POBAIL MAIDIR LE 'SEIRBHÍS IOMCHUÍ' A SHOLÁTHAR

---

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Dearbhú

**Arna dhéanamh ag soláthraí/conraitheoir a sholáthraíonn Seirbhís Iomchuí agus/nó Grúpa Maoinithe/Grúpa Pobail a sholáthraíonn Seirbhís Iomchuí, ar duine nó eagraíocht é nó í atá fostaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe nó a fheidhmíonn thar a ceann nó a fhaigheann maoiniú deontais ón gComhairle**

**Sonraítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 gur seirbhís iomchuí faoin Acht é aon obair nó aon ghníomhaíocht arb é atá inti gníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó gníomhaíochtaí coirp a sholáthar do leanaí.**

***Líon isteach i mBloclitreacha***

| | |
|---|---|
| **Ainm na heagraíochta:** | |
| **Ainm an té a bhfuil an dearbhú á thabhairt aige nó aici:** | |
| **Sonraí teagmhála:** | |
| **Ról san eagraíocht:** | |

***Cuir tic sa bhosca cuí***

- ☐ Is soláthraí/conraitheoir mé/muid a sholáthraíonn 'seirbhís iomchuí' agus atá fostaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun seirbhís a sholáthar
- ☐ Is Grúpa Maoinithe/Grúpa Pobail mé/muid a sholáthraíonn 'seirbhís iomchuí' agus a bhíonn ag gníomhú thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe
- ☐ Is Grúpa Maoinithe/Grúpa Pobail mé/muid a sholáthraíonn 'seirbhís iomchuí' a fhaigheann cúnamh deontais, tacaíocht, nó cuidiú ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe

***Léigh go cúramach na ceanglais thíos, cuir tic sna boscaí cuí á ndeimhniú agus seol an fhoirm ar ais chuig do theagmhálaí sa Chomhairle Contae***

**Luaitear i mBeartas agus Nósanna Imeachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe um Chosaint agus Leas Leanaí, Codanna 4 agus 5 go lorgóidh an Chomhairle dearbhú sínithe ó sholáthraí/conraitheoir a sholáthraíonn 'Seirbhís Iomchuí' agus ó Ghrúpaí Maoinithe/Grúpa Pobail a sholáthraíonn 'Seirbhís Iomchuí' agus atá fostaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe nó ag gníomhú thar a ceann nó a fhaigheann cúnamh deontais nó tacaíocht nó cúnamh ón Údarás Áitiúil, ina ndéanfar na nithe seo a leanas a dhearbhú:**

- ☐ Deimhním/Deimhnímid go bhfuil na sonraí a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, sa Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017 agus sa Treoir ó TUSLA léite agus tuigthe agam/againn.

- ☐ Tá Ráiteas um Chosaint Leanaí ullmhaithe agam/againn atá i bhfeidhm agus ina sonraítear an tseirbhís atá á soláthar agus ina leagtar amach na nósanna imeachta chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - ✓ bainistiú a dhéanamh ar aon riosca a aithnítear maidir le leanaí a chosaint
  - ✓ imscrúdú a dhéanamh ar líomhain i gcoinne aon bhall foirne faoi aon ghníomh, neamhghníomh nó imthosca i leith leanbh a bhaineann leas as an tseirbhís
  - ✓ baill foirne atá oiriúnach chun bheith ag obair le leanaí a roghnú agus a earcú
  - ✓ faisnéis agus oiliúint a chur ar fáil d'fhostaithe ar shaincheisteanna maidir le cosaint agus sábháilteacht leanaí, lena n-áirítear béim ar neamh-idirdhealú agus oiriúnú don éagsúlacht do ghrúpaí a bhfuil éagothroime orthu.
  - ✓ a chur ar a gcumas d'fhostaithe/oibrithe deonacha, cibé acu duine faoi shainordú nó eile, tuairisc a thabhairt do Tusla de réir an Achta nó de réir aon treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire
  - ✓ liosta a choinneáil de dhaoine san eagraíocht ar daoine faoi shainordú iad faoin Acht
  - ✓ duine iomchuí a cheapadh san eagraíocht chun críocha an Achta
  - ✓ Ag cinntiú nach bhfuil idirdhealú á dhéanamh agus go ndéantar oiriúnú don éagsúlacht i bhforbairt agus cur i bhfeidhm na mbeartas agus nósanna imeachta sin.

- ☐ Deimhním/Deimhnímid go bhfuil measúnú riosca déanta agam/againn i leith sholáthar na seirbhíse/an chonartha agus comhaontaím/comhaontaímid cloí leis na treoirlínte ar nósanna imeachta agus cleachtais atá sa Mheasúnú Riosca a rinneadh agus sa Ráiteas um Chosaint Leanaí a ullmhaíodh

- ☐ Tá beartais agus nósanna imeachta cuí um chosaint leanaí i bhfeidhm agam/againn

- ☐ Deimhním/Deimhnímid go bhfuarthas nochtadh grinnfhiosrúcháin de réir an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 maidir le haon fhostaí agus/nó oibrí deonach a dhéanann 'obair nó gníomhaíochtaí rialta', i.e., aon obair nó gníomhaíocht a dhéanann duine ar cuid riachtanach, rialta di é, go príomha, rochtain a bheith ag an duine ar leanaí nó daoine soghonta, nó teagmháil a bheith aige nó aici leo.

***Dearbhú Sínithe***

**Leis seo dearbhaímse (cuir isteach an t-ainm), ______________________, go bhfuil an fhaisnéis go léir a chuir mé isteach thuas cruinn, fíor agus bailí. Cuirfidh mé na doiciméid tacaíochta i láthair de réir mar is gá.**

**Síniú:** **Dáta:**

| **Le haghaidh Úsáid Oifige CCG Amháin** | |
|---|---|
| **Aonad CCG:** | |
| **Teagmhálaí CCG:** | |
| **Arna athbhreithniú ag:** | **Dáta:** |

| | |
|---|---|
| **Uimhir Aitheantais an tSoláthraí:** | |
| **Dáta a Fuarthas:** | |
| **Bailí:** | **Tá ☐ Níl ☐** |
| **Nótaí:** | |

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Children First

# Ráiteas Corparáideach um Chosaint Leanaí

1. **Ainm na seirbhíse atá á soláthar**
   Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-údarás áitiúil do Chontae na Gaillimhe.

2. **Cineál na seirbhíse**
   Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as raon leathan seirbhísí poiblí a sholáthar lena n-áirítear Seirbhísí Eacnamaíochta, Seirbhísí Tuaithe, Forbartha Pobail agus Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadais agus TFC, Seirbhísí Tithíochta, Seirbhísí Bonneagair agus Oibríochtaí, Seirbhísí Pleanála agus Comhshaol agus Seirbhísí Éigeandála.

3. **Prionsabail i dtaobh Cosaint Leanaí**
   Agus a cuid seirbhísí á soláthar aici agus a cuid gníomhaíochtaí ar bun aici, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta do chur chuige ina leagtar béim ar an leanbh féin maidir le bheith ag obair le leanaí. Tá dualgas agus freagracht chorparáideach fhoriomlán ar an Údarás Áitiúil maidir le cosaint leanaí a bhaineann leas as seirbhísí agus gníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil de réir Bheartas agus Nósanna Imeachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Cosaint agus Leas Leanaí. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta don mhéid seo a leanas:
   - Leas ginearálta, forbairt sláinte agus sábháilteacht leanaí a chur chun cinn
   - A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm do gach ball foirne/oibrí deonach, do sholáthraithe/conraitheoirí a sholáthraíonn ‘seirbhísí iomchuí’ agus atá fostaithe ag an gComhairle, agus do Ghrúpaí Maoinithe/Grúpaí Pobail i gcomhthéacs Seirbhísí Údaráis Áitiúil lena n-áirítear: nósanna imeachta stuama maidir le hearcaíocht, roghnú, maoirseacht agus tacaíocht.
   - Treoir agus nósanna imeachta a fhorbairt do bhaill foirne agus oibrithe deonacha a bhféadfadh údar réasúnach imní a bheith acu maidir le mí-úsáid a d’fhéadfadh a bheith á tabhairt do leanbh a bhaineann leas as seirbhísí an Údaráis Áitiúil nó a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí dá chuid, nó faillí a d’fhéadfadh a bheith á déanamh ann nó inti.
   - A chinntiú go gceapfar Oifigeach agus Leas-Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí Ainmnithe
   - A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Áitiúil chun déileáil le líomhain mhí-úsáide a dhéantar i gcoinne fostaí/oibrí deonach

- Feasacht a spreagadh san eagraíocht faoi rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann i leith sábháilteacht/leas leanaí
- Nósanna imeachta soiléire a fhorbairt agus a choinneáil i bhfeidhm maidir le taifid a choinneáil
- A chinntiú go bhfuil Cód Iompair a i bhfeidhm i leith na bhfostaithe
- Próiseas comhoibrithe a fhorbairt le Tusla agus le gníomhaireachtaí eile a bhfuil baint acu le cosaint leanaí.

**4. Cur chuige an Údaráis Áitiúil ina bhfuil béim ar an leanbh féin**

Ní bhainfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe úsáid as aon fhaisnéis maidir le leanaí ach amháin chun na críche ar tugadh í, faoi réir údar nó údair imní a bheith ann maidir le cosaint agus leas leanaí. Tá sábháilteacht, leas agus forbairt leanaí ina bpríomhthosaíocht ag an eagraíocht. Ag teacht leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, **níl aon ghlacadh** ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le cineáil ar bith mí-úsáide ná drochúsáide.

**5. Próiseas**

Forbraíodh Beartas agus Nósanna Imeachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Cosaint agus Leas chun timpeallacht shábháilte a chur chun cinn do leanaí, chun an baol a d'fhéadfadh teacht chun cinn a mhaolú agus chun é a bhainistiú go sábháilte má thagann sé chun cinn, de réir na treorach i ndáil le Tús Áite do Leanaí. Ina theannta sin, leis na próisis a leagtar amach sa mheasúnú riosca thíos ag pointe 7, soláthraítear creat d'fhreagairt Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar údair imní maidir le sábháilteacht agus leas leanaí.

**6. Rialachas**

Tá an Príomhfheidhmeannach, an Fhoireann Feidhmiúcháin agus na Bainisteoirí Líne cuí freagrach as féachaint chuige go gcloífear leis an Ráiteas Corparáideach um Chosaint Leanaí. Forbraíodh an Ráiteas Corparáideach seo um Chosaint Leanaí i gcomhréir leis na ceanglais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, le *Children First: An Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* (2017) agus le *Child Safeguarding: A Guide for Policy, Procedure and Practice,* doiciméad de chuid Tusla.

**7. Measúnú Riosca**

Is ceanglas éigeantach é measúnú ar na rioscaí a dhéanamh de réir *Children First: An Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí*, 2017. Ní mór do gach réimse seirbhíse aonair den chomhairle measúnú riosca a dhéanamh ar aon seans go ndéanfaí díobháil do leanbh agus leas á bhaint aige nó aici as seirbhísí na Comhairle. Tá liosta ar fáil don phobal de na réimsí riosca a aithníodh agus na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú. Ní gá ach an liosta sin a iarraidh. Measúnú uileghabhálach i gcomhair na heagraíochta is ea an measúnú riosca thíos.

| RIOSCA A AITHNÍODH | NÓSANNA IMEACHTA CHUN RIOSCAÍ A BHAINISTIÚ |
|---|---|
| A. An riosca nach gcomhlíonfar an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 | • Beartas agus nósanna imeachta um Chosaint Leanaí a chur i bhfeidhm de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015<br>• Nósanna imeachta cuí earcaíochta agus grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána i leith fostaithe agus oibrithe deonacha ábhartha<br>• Nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin cuí (de réir an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2012-2016) i leith na bhfostaithe agus na n-oibrithe deonacha ábhartha go léir<br>• Oiliúint chuí a chur ar Bhaill Foirne, ar Dhaoine faoi Shainordú agus ar an Oifigeach agus na Leas-Oifigigh Ainmnithe um Chosaint Leanaí<br>• Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí agus Leas-Oifigigh Idirchaidrimh um Chosaint Leanaí a cheapadh<br>• Daoine faoi shainordú a ainmniú san eagraíocht agus liosta na ndaoine faoi shainordú a bheith ag an Aonad Acmhainní Daonna<br>• Measúnuithe Riosca a dhéanamh i leith gach Réimse Seirbhíse |
| B. Riosca de bharr baill foirne nó oibrí deonach | • Nósanna imeachta stuama ó thaobh na hearcaíochta de<br>• Nósanna imeachta cuí maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>• Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí a cheapadh<br>• Cód Iompair d'fhostaithe<br>• Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Leas agus Cosaint Leanaí a chur i bhfeidhm de réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015<br>• Oiliúint ábhartha maidir le Feasacht um Chosaint agus Leas Leanaí a chur ar na Baill Foirne, ar na Daoine faoi Shainordú agus ar an Oifigeach agus na Leas-Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí<br>• Nósanna imeachta chun déileáil le líomhain mhí-úsáide a dhéantar i gcoinne fostaí nó oibrí deonach. |
| C. Riosca de bharr úsáideoir seirbhíse eile | • Cairt Chustaiméirí agus Cód Iompair do Chustaiméirí a bheith ar taispeáint d'úsáideoirí seirbhísí ag gach cuntar poiblí agus i bhfoirgnimh atá ar oscailt don phobal<br>• Comhairle a chur ar Thuismitheoirí/Caomhnóirí maidir leis an ngá atá le maoirsiú cuí a dhéanamh ar leanaí i gcás seirbhísí agus i gcás foirgnimh atá ar oscailt don phobal. |
| D. An riosca nach n-aithneodh ball foirne/oibrí deonach díobháil nó údar imní | • Oiliúint ábhartha maidir le Feasacht um Chosaint agus Leas Leanaí a chur ar na Baill Foirne, ar na Daoine faoi Shainordú agus ar an Oifigeach agus na Leas-Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí |

| | |
|---|---|
| | • Nósanna imeachta tuairiscithe soiléire a bheith i bhfeidhm de réir Bheartas agus Nósanna Imeachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Cosaint agus Leas Leanaí<br>• Sonraí na nOifigeach agus na Leas-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe a scaipeadh ar gach ball foirne agus a gcuid sonraí teagmhála a bheith ar fáil ar an inlíon. |
| E. Riosca de bharr: Soláthraithe/conraitheoirí a sholáthraíonn 'Seirbhísí Iomchuí' agus atá fostaithe ag an Údarás Áitiúil agus/nó; *Grúpaí Maoinithe/Grúpaí Pobail* a sholáthraíonn 'Seirbhísí Iomchuí' thar ceann an<br>Údaráis Áitiúil nó a fhaigheann cúnamh deontais nó<br>tacaíocht nó cúnamh ón Údarás Áitiúil | Lorgóidh an Chomhairle dearbhú sínithe ó sholáthraí/conraitheoir a sholáthraíonn 'Seirbhís Iomchuí' agus ó Ghrúpaí Maoinithe/Grúpaí Pobail a sholáthraíonn 'Seirbhísí Iomchuí' thar ceann an Údaráis Áitiúil nó a fhaigheann cúnamh deontais nó tacaíocht nó cúnamh ón Údarás Áitiúil, ina ndéanfar an méid seo a leanas a dheimhniú:<br>• Tá na sonraí a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, sa Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017 agus sa Treoir ó TUSLA léite agus tuigthe acu<br>• Tá Ráiteas um Chosaint Leanaí ullmhaithe acu atá i bhfeidhm agus ina sonraítear an tseirbhís atá á soláthar agus ina sonraítear na nósanna imeachta atá i bhfeidhm acu, mar a leagtar amach i gcuid 4.2 agus i gcuid 5.2 de Bheartas agus Nósanna Imeachta CCG maidir le Cosaint agus Leas Leanaí, chun aon rioscaí a mhaolú<br>• Tá beartais agus nósanna imeachta cuí um chosaint leanaí i bhfeidhm acu<br>• Tá measúnú riosca déanta acu i leith sholáthar na seirbhíse/an chonartha agus comhaontaíonn siad cloí leis na treoirlínte ar nósanna imeachta agus cleachtais atá sa Mheasúnú Riosca a rinneadh agus sa Ráiteas um Chosaint Leanaí a ullmhaíodh<br>• Fuarthas nochtadh grinnfhiosrúcháin de réir an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 maidir le haon fhostaí agus/nó oibrí deonach a dhéanann 'obair nó gníomhaíochtaí rialta', i.e., aon obair nó gníomhaíocht a dhéanann duine ar cuid riachtanach, rialta di é, go príomha, rochtain a bheith ag an duine ar leanaí nó daoine soghonta, nó teagmháil a bheith aige nó aici leo. |

## 8. Údar Imní a Thuairisciú

Is féidir le duine ar bith údar imní maidir le mí-úsáid leanaí a thuairisciú. Má tá aon údar imní agat faoi leas/mí-úsáid linbh, ba chóir é a chur in iúl do Tusla. Is féidir tuairisc a dhéanamh go pearsanta, ar an teileafón, i scríbhinn nó ar líne. Is féidir le duine ar bith den phobal a bhfuil údar imní aige nó aici faoi leanbh i gContae na Gaillimhe teagmháil a dhéanamh le Tusla ar **091-546235**. Le haghaidh tuilleadh eolais nó má tá ceist agat, déan teagmháil le do thoil le

hOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an tUasal Kieran Keon, ar 091-509018.

I gcás éigeandála ar bith ina gceapann tú go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir leat dul i dteagmháil le Tusla, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an nGarda Síochána. Má tá leanbh i mbaol lasmuigh d'uaireanta oifige, déan teagmháil leis na Gardaí. Tá tuilleadh eolais faoi Chosaint agus leas Leanaí ar fáil ar www.tusla.ie.

**9. Cur i bhFeidhm agus Athbhreithniú**

Aithnímid gur próiseas leanúnach é an cur i bhfeidhm. Tá ár seirbhís tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráitis Chorparáidigh seo um Chosaint Leanaí agus na nósanna imeachta lena dtacaítear leis an rún atá againn leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil agus iad ag baint leas as ár seirbhísí. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas Corparáideach seo um Chosaint Leanaí gach 2 bhliain de réir an bheartais agus na reachtaíochta. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi bheartais agus nósanna imeachta an Údaráis Áitiúil, déan teagmháil le Comhairle Chontae na Gaillimhe ar 091-509000 nó téigh chuig www.galway.ie.

**Síniú: ________________________________________**

**Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chontae na Gaillimhe**

**Dáta: ________________**